










Suipéar Eamáus le caoinchead ó Ray Carroll, an t-ealaíontóir.
Is é an íomhá seo ceann de na seoda a scriosadh i ndóiteán Lae Nollag ag Ardeaglais Naomh Mel, An Longfort.







# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012

## Téama: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

Acmhainní don Phobal Iar-Bhunscoile:
An Paróiste & An Scoil

29 Eanáir–4 Feabhra 2012

# Clár Ábhair


**Ag Ullmhú**

Céad Míle Fáilte 1
Pleanáil le hAghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 2

**Acmhainní Paróistí**
Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste 4

**Acmhainní Scoile**
An Scoil Chaitliceach 6
Machnamh an Lae 7
Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012: Aistear Amháin
– Rogha Dhá Threo 8
Scéal Eamáus 9

**Acmhainní Ranga**
**An Luan: Muintir an Dóchais is an Díomá**
Le Déanamh 1–4 10
Féilte na Seachtaine 13

**An Mháirt:** Briathar Dé
Tú Féin agus na Scrioptúir 14
*Lectio Divina*: Bain úsáid as an mBíobla mar áis urnaithe 15
Lá Fhéile Naomh Eoin Bosco 16

**An Chéadaoin:** Briseadh an Aráin
An Domhnach– lá as an ngnáth! 17
Lá Fhéile Bríde 19

**An Déardaoin:** An Tiarna a Aithint
Bheith mar 'Eocairist' do dhaoine eile 20
Lá Fhéile Toirbhirt an Tiarna, nó Lá Fhéile Muire na gCoinneal 22

**An Aoine:** Ár Misean
Ár Misean 23
Naomh Blaise 25
Naoimh Mhilse 26

**Acmhainní Scoile**
An Chomhdháil Eocairisteach 2012 28
Searmanas Urnaí le hAghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 29
Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí
agus Don Fhoireann 31

# Céad Míle Fáilte

Is i rith na bliana seo 2012, a reáchtálfar an Chomhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tá ochtó bliain ann ón uair dheireanach a rinne tír na hÉireann óstáil ar an gComhdháil i 1932.
Is i mbliana chomh maith a dhéanfar comóradh caoga bliain ar oscailt an Dara Comhairle Vatacánach i 1962.

Is é téama na Comhdhála Eocairiste i mbliana ná "An Eocairist:Comhpháirteachas Le Críost agus Lena Chéile". Tugann an téama seo siar sinn chuig an ábhar is mó buartha a bhain leis an gComhairle Vatacánach: an Eaglais bheith mar chomhpháirteachas. Is é croí an chomhpháirteachais seo ná an Eocairist a cheiliúradh agus Corp Chríost a ghlacadh. Is é seo an ghné is tábhachtaí den ghlao a chuirtear romhainn, bheith ag coinne le ríocht na bhflaitheas atá mar dhóchas againn agus mar chinniúint i ndán dúinn.

Tá sé mar aidhm ag Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 bheith ag cur leis an gComhdháil Eocairisteach. Dá bhrí sin is é an téama a roghnaíomar don bhliain seo ná 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol".

Nuair a ghlacaimid le Corp Chríost, géillimid d'Íosa ár Slánaitheoir ar bhealach domhain pearsanta, agus géillimid dó mar bhaill de phobal Críostaí chomh maith. Aithním an mian atá ionam go sábhálfaí mé, agus aithním an uile fhear is bean bheith mar dheartháir nó mar dheirfiúr agam, agus sinn go mór bheith ag brath ar a chéile. Nuair a éistim Aifreann, glacaim le cuireadh Chríost bheith in aon chorp leis. Táim tiomnaithe i leith Chorp Chríost anois sa bhliain seo 2012. Thairis sin, táim ag géilleadh do shaol 2012, dá Chruthaitheoir, dá Shlánaitheoir Íosa Críost. Cuirtear an glao bunúsach seo ar gach uile dhuine atá tugtha don fhíordaonnacht: grá a thabhairt dá chéile agus do Dhia. Tá an glao seo agus an dúshlán seo os cionn glao nó dúshlán ar bith eile.

Bíonn Scoileanna Caitliceacha ann ionas gur féidir linn an aithne sin atá fréamhaithe inár gcroí féin agus i gcroíthe an uile dhuine óg nó aosta, a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm.

I rith Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo, ba mhaith linn pobail scoile a spreagadh chun láithreacht bheo Chríost a cheiliúradh tríd an Eocairist a cheiliúradh lena chéile. Má dhéanaimid ullmhúcháin oiriúnach agus páirt urnaitheach a ghlacadh san Aifreann mar phobal scoile, beidh sé mar dhearbhú láidir agus mar ócáid dhóchasach do chách.

Agus nach sin atá uainn dár ndaoine óga – go mbeidh dóchas ina gcroíthe atá daingean agus nach féidir le deacracht ar bith a mhúchadh. Is chuige sin a d'fhág Íosa an Eocairist mar oidhreacht againn, an oíche sular céasadh é.

+Brendan Kelly

An tEaspag Brendan Kelly
Cathaoirleach
An Chomhairle Oideachais de Chomhdháil Easpag Éireann

# Pleanáil le hAghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012

**Tá acmhainní ar fáil sa leabhrán seo a chabhróidh le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 a cheiliúradh. Tá ábhair ann do na haoisghrúpaí seo leanas:**

- Na mic léinn sa seomra ranga
- Baill Fhoirne
- Tuismitheoirí
- Baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí
- An pobal ar fud an pharóiste.

Cuireadh dhá chóip den leabhrán i mBéarla chuig gach aon scoil, agus cóip amháin chuig gach aon sagart atá ag feidhmiú i bparóiste.
Tá dath ar leith in úsáid maidir leis an chatagóir lena mbaineann na hacmhainní don uile ghrúpa de na cúig ghrúpa aitheanta.

## Cruinniú Pleanála

Is éard atá mar aidhm ag an gcruinniú pleanála ná cinneadh a dhéanamh maidir leis na gnéithe de na hacmhainní a chuirfidh do phobal scoile nó do pharóiste féin suim iontu i rith na seachtaine. Is trí chuireadh a thabhairt d'ionadaithe ón fhoireann, ón mBord Bainistíochta/Gobharnóirí, ón gcomhlachas/comhairle tuismitheoirí, ó fhoireann an pharóiste, ó chomhairle thréadach an pharóiste, agus ó na séiplínigh scoile, a bheidh ar bhur gcumas deimhin a dhéanamh de go ndéanfar an ceiliúradh is fearr a bheadh ar acmhainn agaibh maidir le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha sna scoileanna agus sa pharóiste.

Bheadh clár gnó mar seo oiriúnach don chruinniú:

**Téama Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012: Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol.**

**An Paróiste agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012**

Déan machnamh faoi, an bhféadfá ceiliúradh ar Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha a dhéanamh taobh istigh den Aifreann paróisteach ar an Domhnach, 29 Eanáir.

*Acmhainní liotúirgeacha agus moltaí do cheiliúradh na hEocairiste le fáil ar leathanach 4.*

Is féidir leis an bparóiste páirt a ghlacadh chomh maith trí:

- chabhair a chur ar fáil le taispeántas a chur le chéile a dhéanfadh ceiliúradh ar an mbealach ina ndéanann na Scoileanna Caitliceacha sa pharóiste cabhair a sholáthar le go ndéanfaí corp beo Chríost bheith gníomhach i measc an phobail agus ar fud an domhain i gcoitinne.
- óstáil a dhéanamh i rith Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha ar dhíospóireacht faoin tábhacht a bhaineann leis an Oideachas Caitliceach.

**An Scoil agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012**

*Baineann a théama féin agus a chuid acmhainní féin le gach lá de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 agus le hobair na ranganna. Is féidir leis an gcruinniú seo na himeachtaí a bheadh ar siúl ar scoil agus i bpobal leathan an pharóiste a phlé.*

**Timpeallacht na Scoile**

Conas a bheadh a fhios ag cuairteoirí chun na scoile go raibh imeachtaí Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha ar siúl?
Glac leis an deis seo chun áiteanna ar scoil a aithint ina mbeadh íomhánna naofa, áit naofa, dealbha agus pictiúir chráifeacha, cláir thaispeána le sonrú, nó athnuachan le déanamh orthu, nó cur leo, mar ullmhúchán ar mhaithe leis an gceiliúradh. Chabhródh an Comhlachas Tuismitheoirí lena leithéid, b'fhéidir. Féach ar na moltaí a dtugtar ar leathanach a cúig.

**An Fhoireann, an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí agus Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012**

- Tá machnamh ar fáil ar leathanach 31 le go bhféadfadh an fhoireann agus an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí smaoineamh a dhéanamh ar an obair a dhéanann siad maidir leis an Oideachas Caitliceach. Tá ráiteas ann freisin ar leathanach 6 i dtaobh na Scoileanna Caitliceacha. I rith na míonna atá le teacht bíodh plé eadraibh ag cruinnithe foirne, leis an mBord Bainistíochta/ Gobharnóirí agus Comhlachas/Comhairle tuismitheoirí faoi conas mar a oireann sé do bhur scoil féin. Spreag na baill den Bhord Bainistíochta/ Gobharnóirí agus an Comhlachas/Comhairle Tuismitheoirí bheith i láthair ag an uile imeacht a reáchtálfar le haghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012.

## Acmhainní

Tá súil againn go gcabhróidh an t-ábhar atá istigh sa leabhrán go mór libh agus ceiliúradh Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 á dhéanamh.
Is féidir na hacmhainní as Gaeilge a fháil ag **www.catholicbishops.ie/catholicschoolsweek**. Cuireadh Polainnis ar chuid de na hacmhainní agus tá siad ar fáil ag an suíomh seo chomh maith. Is iad na daoine seo leanas a d'ullmhaigh an pacáiste acmhainní:
Orla Walsh, Tom Ryan, Karen O'Donavan, Gary Abrahamian agus Sean Goan i gcomhar le Coiste Stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012. Is é an tAthair Maurice Harmon a d'ullmhaigh an t-ábhar le haghaidh na boird scoile.

# Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirtear tús le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 ar an Domhnach, 29 Eanáir, an Ceathrú  Domhnach Saor. Le trí bliana anuas spreagadh paróistí ar fud na tíre le ham a chaitheamh go flaithiúil is go cruthaitheach agus iad ag freagairt don chuireadh a tugadh dóibh ceiliúradh a dhéanamh maidir leis an gcion tairbhe a bhronnann na Scoileanna Caitliceacha ar an bpobal. Is féidir an ceiliúradh seo a dhéanamh i rith liotúirge an Domhnaigh, mar shampla, trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí na scoileanna áitiúla, agus trí dheiseanna cruthaitheacha a chur ar fáil chun go ndéanfadh pobal an pharóiste teagmháil le pobal na scoile.
Tá iliomad bealaí ann inar féidir le paróistí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh, agus tá moltaí anseo a chabhróidh le daoine a leithéid a dhéanamh.



# An Domhnach 29 Eanáir

### Ceiliúradh na hEocairiste don Cheathrú Domhnach i dTráth Saor na Bliana

Má bhíonn grúpa liotúirge sa pharóiste, bí cinnte faoi go mbíonn eolas ag na baill go luath maidir le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh in ullmhú an Aifrinn seo. Déan iad a spreagadh ionas go ndéanfar deimhin de go mbeidh páirt lárnach ag Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha i saol bliantúil an pharóiste. Cuirtear tús leis i gcónaí ar an Domhnach deireanach de Mhí Eanáir.

- Déan machnamh faoin mbealach is fearr inar féidir leis na scoileanna i do dhúiche féin páirt a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach seo. Déan cruinniú a ghairm leis na príomhoidí is na múinteoirí cúpla seachtain roimh Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha. Bíodh plé eadraibh maidir leis na bealaí éagsúla inar féidir obair na Scoileanna Caitliceacha a aibhsiú, agus a cheiliúradh i rith liotúirge an lae sin. Tabhair cuireadh d'ionadaí ón nGrúpa Liotúirge bheith i láthair ag an gcruinniú seo.
- Tá na léachtaí, guí an phobail, agus araile le haghaidh an cheathrú Domhnach saor le fáil in eagrán Eanáir de *Intercom*. Tá nótaí aithisc ann chomh maith maidir leis an gCeathrú Domhnach Saor in eagrán mhí Eanáir den iris *The Furrow*. Bíodh tuairim agaibh faoin duine a b'fhearr a léifeadh Briathar Dé ag an Aifreann, ball foirne, nó ball den Bhord Bainistíochta/ Gobharnóirí, b'fhéidir. Ar mhaith le dalta áirithe an Salm/Alleluia a chanadh? Déan na páistí atá ag ullmhú don Chóineartú a spreagadh le go scríobhfaidís agus go léifidís paidir le haghaidh Ghuí an Phobail.
- Is é téama Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach inár Saol,' agus tógtar é ó 'Though We Are Many', iomann a scríobhadh ach go háirithe don Chaogadú Comhdháil Eocairisteach a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath idir an 10 – 17 Meitheamh, 2012.
- D'fhéadfadh na leanaí an t-iomann seo a chur de mheabhair agus é a chanadh ag an Aifreann  Domhnaigh seo.  An dtabharfá cuireadh do pháiste scoile teacht agus coinneal Chomhdháil Idirnáisiúnta Chorp Chríost a lasadh sula gcuirtear tús leis an Aifreann?

## Nuachtlitir an Pharóiste

- Déan deimhin de go gcuirtear Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha os comhair an phobail trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Bí cinnte go luaitear imeachtaí sonracha poiblí atá beartaithe do do pharóiste féin. Tá téacs samplach anseo:

> Is é an Domhnach 29 Eanáir an chéad lá de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012. An cuspóir atá ann ná ceiliúradh a dhéanamh agus aird a tharraingt ar an gcion tairbhe iontach a dhéanann na Scoileanna Caitliceacha do shaol an phobail áitiúil, agus don tsochaí i gcoitinne. An téama atá ann i mbliana ná Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach inár Saol. Beidh ár bparóiste féin ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo trí ...

Cuir ceist ar dhaltaí na scoile an nuachtlitir a scaipeadh an Domhnach beag seo.

## Aonad Taispeána

An bhféadfá comhoibriú leis an scoil agus aonad taispeána a thógáil a léireodh na bealaí ina mbíonn scoileanna an pharóiste ag feidhmiú mar 'Corp Beo Chríost Gníomhach inár Saol'. Léireofaí anseo an obair a dhéanann na scoileanna maidir le carthanachtaí áitiúla agus náisiúnta, an tionchar ar an bpobal áitiúil, agus aon ghníomhaíocht ábhartha eile.

## An Bord Bainistíochta

Beidh Boird Bhainistíochta nuathofa ann in Éirinn agus ba mhaith an rud é an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis na baill a d'fhreastal ar an mBord roimhe seo, agus aitheantas a thabhairt do na baill nua.

## An Chomhairle Thréadach

- Cuir Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha in iúl don Chomhairle Thréadach agus ceistigh iad maidir leis an mbealach ina ndéanfar ceiliúradh i mbliana air. Déan machnamh ar ócáid a óstáil ina ndéanfaí plé ar thábhacht an Oideachais Chaitlicigh in Éirinn an lae inniu.

## An Scoil

- Ba mhaith an rud é go dtabharfadh an séiplíneach cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine seo. Cabhróidh an pacáiste acmhainní a bhaineann le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha le fócas a thabhairt daoibh toisc go bhfuil téama oibre in aghaidh an lae ann. Ar Lá Fhéile Naomh Blaise d'fhéadfaí scornach a bheannú do na mic léinn i gcuid de na seomraí ranga.
- Déan na scoileanna a spreagadh le go nglacfaidís páirt i Lá na Seantuismitheoirí ar an 1 Feabhra.
- Tugaigí cuairt ar an seomra foirne i rith na seachtaine, agus bíodh brioscaí nó císte agaibh!
- Bain úsáid as an machnamh don fhoireann agus don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí atá le sonrú ar leathanach 31 le go ndéanfadh cách smaoineamh ar an obair a dhéanann siad ó thaobh an Oideachais Chaitlicigh de.

# Is sa Scoil Chaitliceach ...

- A bhíonn ministreacht agus misean Chríost go smior inti
- A thógtar timpeallacht chomhbhách ina mbíonn cásmhaireacht atá fréamhaithe sa teagasc sóisialta Caitliceach ann, don uile dhuine
- A thógtar timpeallacht shlán shona, áit ina mbíonn spreagadh ann don uile pháiste agus go gcuirtear ar a gcumas forbairt iomlán a dhéanamh ar an gcumas atá iontu mar dhaoine daonna uathúil, daoine a cruthaíodh ar dheilbh Dé
- A lorgaítear ardchaighdeán oideachasúil agus an scoil bheith dílis go fóill don fhís agus don mhodh oibre faoi leith a bhaineann leis
- A bhíonn comhluadar uileghabhálach measúil a chuireann fáilte roimh an uile dhuine óg, is cuma an mbaineann siad le haicme chreidimh nó nach mbaineann
- A thugtar aitheantas don ról atá ag na tuismitheoirí mar chéad oidí maidir le cúrsaí creidimh agus cuirtear deiseanna ar fáil dóibh bheith páirteach i saol na scoile
- A chuirtear chuige i gcomhar leis na tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun lóchrann an dóchais a adhaint
- A chuirtear clár theagasc creidimh ar fáil a dhearbhaíonn agus a dhoimhníonn an tuiscint a bhíonn ag na páistí maidir leis an gcreideamh Caitliceach ionas go mbeidh ar chumas an uile dhuine acu bheith chomh deisbhéalach faoin gcreideamh agus a bhíonn maidir le gnéithe eile an churaclaim
- A chothaítear an tuiscint agus an meas a bhíonn ag an dalta ar shaol sacraimintiúil na hEaglaise
- A chuirtear na siombailí a bhaineann lenár dtraidisiún saibhir Caitliceach ar taispeáint
- A chaitear am mar chomhluadar scoile ann, ag machnamh, ag urnaí, i ndeasghnátha, ag ceiliúradh na hEocairiste agus na sacraimintí eile, chun forbairt a dhéanamh ar shaol spioradálta an uile dhuine i bpobal na scoile.

Bunaithe ar Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn (Litir Thréadach ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann)

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012
Catholic Schools Week 2012

# Machnamh an Lae

## An Luan

Is é téama Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 ná Corp Beo Chríost Gníomhach inár Saol. Tugtar cuireadh dúinn smaoineamh ar an difríocht a dhéanann ár gcreideamh dár saol pearsanta agus do shaol na scoile. Ní bhíonn an Chríostaíocht dírithe ar an am atá thart, agus ní creideamh atá bunaithe ar rialacha atá ann, ach is aisfhreagra bunaithe ar láithreacht Íosa Críost aiséirithe ó na mairbh é, agus ar an gcuireadh a thugann Sé dúinn saol iomlán comhlíonta a chaitheamh. Is é Naomh Pól, agus é ag scríobh sa Tiomna Nua a thug an chéad léiriú ar an gcomhluadar creidmheach mar 'Corp Chríost'. Thuig seisean go ndéanann an creideamh a roinnimid lena chéile nasc eadrainn, agus tugann sé cuireadh dúinn bheith ag gníomhú i gcónaí ar mhaithe lena chéile díreach mar a rinne Íosa féin é. Is ar an mbealach seo a theastaigh ó Íosa bheith beo ar domhan: trí chúram a dhéanfadh daoine dá chéile, trí mhaithiúnas a roinnt lena chéile, trí phobal a thógáil le chéile sa bhaile, ar scoil agus sa pharóiste agus trí chomhartha bheo Chríost a dhéanamh dínn féin os comhair an tsaoil. Mar sin, i rith na seachtaine seo iarraimis cabhair ar Chríost ionas go gcuirfimid suntas níos mó ina láithreacht ionainn ar fad, agus go mbeadh níos mó suime againn an lámh chúnta a shíneadh don duine i ngátar.

## An Mháirt

Bímid gnóthach i gcónaí sa bhaile, ar scoil, lenár gcairde. Bíonn obair bhaile agus staidéar le déanamh againn, bíonn spórt agus caitheamh aimsire ann. Uaireanta bíonn an méid sin le déanamh againn gur ar éigean a bhíonn am againn urnaí a dhéanamh, nó fios bheith againn conas urnaí a dhéanamh.

Arsa an Pápa Eoin Pól II 'Déan urnaí ar pé bealach a oireann duit, ach bheith cinnte é a dhéanamh.' Is féidir linn am a ghlacadh paidir atá ar eolas againn a rá, nó sos a ghlacadh chun buíochas a ghabháil. Is maith an rud é paidreoireacht a dhéanamh lena chéile, óir dúirt Íosa linn go mbeadh sé i bhfochair na beirte nó an triúir a bhí bailithe le chéile i gcuimhne air. Is maith an rud é urnaí aonair a dhéanamh chomh maith, agus an Bíobla bheith mar inspioráid againn, le go dtuigfimis athuair gur féidir linn teagmháil a dhéanamh le Críost trí Bhriathar Dé a léamh. Más Corp Chríost bheo i saol na scoile sinn, ná bíodh leisce orainn am urnaí a ghlacadh, mar a rinne Sé féin. Mar a dúirt An Mháthair Treasa Calcúta: 'Méadaíonn an urnaí an croí le háit a dhéanamh do ghrá Chríost ann.'

## An Chéadaoin

Inniu a dhéanaimid comóradh ar Lá Fhéile Bríde, agus in Éirinn breathnaítear ar an lá seo mar thús an Earraigh. Bíonn na laethanta ag fadú de réir a chéile, agus na bláthanna ag briseadh aníos tríd an gcré fhuar. Aimsir dhóchais atá ann, le go dtuigfimis go léiríonn an saol millteanach seo go bhfuil Dia inár láthair ar iliomad bealaí. Tugann míorúilt na beatha cuireadh dúinn buíochas a ghabháil gur beannaíodh sinn, bíodh is go mbíonn fadhbanna againn. Glacaimis sos inniu chun na rudaí maithe a bronnadh orainn inár saol agus i saol na scoile a aithint, agus buíochas a ghabháil astu.

## An Déardaoin

Tá Críostaithe ann a mheasann gur imeacht príobháideach atá sa chreideamh, conradh idir Dhia agus an duine. Is aisteach an rud é seo nuair a thuigimid nár inis Íosa ach scéal amháin maidir leis an rud atá i ndán dúinn ar Lá an Bhreithiúnais. (Matha 25:31-46) Is sa scéal seo a mhínigh sé go scaoilfí an pobal isteach ar Neamh ar aon fháth amháin, de réir mar a d'aithin muid Críost sna bochtáin, sna daoine a raibh ocras orthu, sna heasláin, sna daoine gan dídean, sna daoine i gcarcair, agus gur tháinig muid i gcabhair air. Ba mhaith linn go bhfeidhmeodh an scoil agus gach a ndéanaimid ann de réir Shoiscéal grámhar Dé, go ndéanfaimid mar dhaoine aonair agus mar phobal freastal ar an muintir a fhulaingíonn, agus a fhios a bheith againn go bhfuilimid ag freagairt d'Íosa féin.

## An Aoine

Cad is scoil Chaitliceach ann? Ní scoil do Chaitlicigh amháin atá ann, ach pobal a thugann oiliúint is a fhoghlaimíonn de réir mar a chreideann sé i ndínit an duine aonair mar pháiste Dé. Creidimid gur cuireadh glao ar an uile dhuine againn cur le chéile chun comhluadar uileghabhálach a chruthú a dhéanfaidh freastal ar leas an phobail i gcoitinne, áit ina mbeidh meas agus tóir ar an eolas a fhad is a chothaítear an creideamh agus a fhad is a chuirtear dúshlán roimhe. I rith na seachtaine seo rinneamar machnamh ar an tsainiúlacht a bhaineann lenár scoil Chaitliceach, agus ceiliúradh air chomh maith. Go spreagfaidh an fhís seo sinn chun sáriarracht a dhéanamh i gcónaí, agus taitneamh a bhaint as gach a ndéanaimid, agus ár ndóchas bheith againn i Spiorad Dé sinn a threorú i gceart trí na dúshláin atá romhainn.

ACMHAINNÍ SCOILE

# Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012

## Aistear Amháin – Rogha Dhá Threo!

ACMHAINNÍ SCOILE

| Iarúsailéim | nó | An Cheathrú Sheachtain Shaor |
| --- | --- | --- |
| **An Luan 30 Eanáir**<br>Muintir an Dóchais<br>Is an Díomá | | Na Mairtírigh Éireannacha/<br>Naomh Aodhán |
| **An Mháirt 31 Eanáir**<br>Briathar Dé | | Naomh Eoin Bosco |
| **An Chéadaoin 1 Feabhra**<br>Briseadh an Aráin | | Naomh Bríd |
| **An Déardaoin 2 Feabhra**<br>An Tiarna a Aithint<br>Inár Measc | | Toirbhirt an Tiarna |
| **An Aoine 3 Feabhra**<br>An pobal á chur<br>ar Mhisean | | Naomh Blaise |
| **Eamáus** | nó | **An Chúigiú Seachtain Saor** |

**Baineann na hacmhainní a úsáidfear ar scoil i rith na seachtaine seo le scéal Eamáus agus le féilire liotúirgeach na seachtaine. Nuair a bhíonn múinteoirí ag pleanáil don tseachtain tugtar cuireadh dóibh an t-ábhar a bheadh oiriúnach dóibh féin a roghnú agus a chur in oiriúint dá ranganna féin. Ní gá a rá go bhfuil ceangal idir théamaí Eamáus, ach d'fhéadfaí iad a úsáid mar aonaid neamhspleách. Cuirtear an téacs ar fáil thíos ionas gur féidir le múinteoirí é a chur in aithne do na mic léinn.**



## An tAistear Chuig Eamáus: Lúcás 24:13-35

'Agus an lá sin féin, bhí beirt acu ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáus a bhí céad staid seascad ó Iarúsailéim, agus bhí siad ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tar éis titim amach. Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é. Dúirt sé leo "Cad iad na scéala iad seo atá sibh a reic le chéile sa tslí?" Agus stad siad suas agus iad go gruama. Dúirt duine acu leis á fhreagairt – Cleopas ab ainm dó: "An tusa an t-aon duine amháin atá ag cur fút in Iarúsailéim atá in ainbhios ar na nithe a tharla ann sna laethanta seo?" Dúirt sé leo: "Cad iad na nithe?" Dúirt siad leis: "Mar gheall ar Íosa - Nazairéanach, duine a bhí ina fháidh éifeachtach ó ghníomh agus ó bhriathar i bhfianaise Dé agus an phobail uile; mar a thug ár n-ardsagairt agus ár gcinn urra ar láimh é lena dhaoradh chun báis, agus mar a chéas siad é. Agus sinne ag súil leis gurbh eisean a bhí chun Iosrael a fhuascailt! Ach chomh maith leis an méid sin uile tá an treas lá inniu ann ó thit na nithe sin amach. Agus go deimhin, tá mná dár muintir tar éis alltacht a chur orainn. Ar dhul go dtí an tuama dóibh go moch ar maidin, nuair nach raibh a chorp le fáil acu ann, tháinig siad agus scéala acu, fiú amháin, gur thaispeáin aingil iad féin dóibh a dúirt go bhfuil sé beo. Chuaigh cuid dár gcompánaigh go dtí an tuama ansin, agus fuair gurbh amhlaidh a bhí mar a dúirt na mná, ach ní fhaca siad é féin.

Ansin dúirt sé féin leo: "A dhaoine gan tuiscint atá dúr ó chroí chun a bhfuil ráite ag na fáithe a chreidiúint! Nárbh fholáir go bhfulaingeodh an Críost na nithe úd chun go dtiocfadh sé isteach ina ghlóir?" Agus ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scrioptúir uile mar gheall air féin.

Nuair a bhí siad i ngar don bhaile ar a raibh a dtriall, bhí de chuma air féin go raibh sé ag dul níos faide, agus rinne siad tathant air á rá: "Fan againn, óir tá sé i mbéal tráthnóna agus an lá siar síos cheana féin". Chuaigh sé isteach dá réir sin chun fanacht acu. Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é.

Osclaíodh a súile agus d'aithin siad é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu. Agus dúirt siad le chéile: "Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí, agus é ag nochtadh na scrioptúr dúinn?

Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine déag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: "Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é." Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris agus mar a d'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

**Íomhá** Altobello Melone (1490–1543)
*The Road to Emmaus*
Ola ar Adhmad, An Gailearaí Náisiúnta, Londain
Ar fáil ag Wikimedia Commons

# An Luan 30 Eanáir An Chéad Lá: Muintir an Dóchais is an Díomá

(Lúcás 24:13-24)

Bíonn cuid de na focail is truamhéalaí i dteanga an Bhéarla le sonrú i measc na bhfocal a thosaíonn leis an litir 'D', mar shampla na focail: díomá, amhras, ciall cheannaithe, treascairt, beaguchtach, drochmhisneach, dúlagar, dobrón, éadóchas, agus an bás. Tá sé seo ráite ag Woody Allen:

Tá sibhialtacht na linne seo seasta ag an gcrosbhóthar. Tá dhá bhealach romhainn. Ar thaobh amháin tá an díomá is an t-éadóchas. Ar an taobh eile tá díothú iomlán romhainn. Tá súil agam go nglacfaimid an bealach ceart!

Cé gur ag magadh a bhí sé, léirítear go maith sa ráiteas seo an t-éadóchas is an lagmhisneach atá le sonrú ar fud an domhain faoi láthair.

## LE DÉANAMH 1

Ag baint úsáide duit as nuachtáin nó trí ransú smaointe, scríobh liosta síos de chuid de mhórimeachtaí an domhain a léireodh an dearcadh diúltach ar chúrsaí domhanda atá le tabhairt faoi deara i ráiteas Woody Allen, rudaí a chuireann lagmhisneach ar an rang.

AN LUAN

Díomá, amhras, ciall cheannaithe, treascairt, beaguchtach, dobrón, éadóchas agus an bás – léiríonn na focail seo conas mar a mhothaigh Cleopas agus a chara agus iad ag imeacht leo i dtreo Eamáus, baile a bhí naoi gciliméadar siar ó thuaidh ó Iarúsailéim.

Bhí rogha déanta acu le blianta beaga anuas, Íosa Nazórach a leanúint, agus i rith na seachtaine roimhe sin bhuail an smaoineamh iad go bhféadfaí gurb eisean an Meisias a gealladh dóibh, ach go háirithe nuair a chonaiceadar an fháilte chroíúil chuig Iarúsailéim a chuir na sluaite roimh an Mháistir, na géaga pailme a d'iompraíodar agus gach 'Hosanna' á ghlaoch amach acu.

Anois is léir go bhfuil díomá agus cathú orthu. Tá Íosa básaithe ina luí i dtuama séalaithe. Tá easpa creidimh ag goilleadh orthu. Tá siad ag imeacht ó Iarúsailéim toisc go mbreathnaíonn siad ar bhás Íosa mar thubaiste iomlán, mar thragóid dosháraithe. Tá deireadh leis an fhís, níl dóchas ar bith fanta iontu.

## LE DÉANAMH 2

Breathnaigh siar ar an liosta a cuireadh le chéile i gcleachtadh 1. Ar tharla aon rud deimhneach in aon cheann de na himeachtaí seo a thabharfadh DÓCHAS chuige?

| DÍOMÁ | DÓCHAS |
|---|---|

Agus an bheirt fhear ag siúl leo, tháinig strainséir lena gcois. Tuigimid gur Íosa a bhí ann, ach níorbh ionann don bheirt. Fhad is a bhí an triúr acu ag bualadh ar aghaidh, bhí Cleopas agus a chara ag comhrá leis an strainséir maidir leis an dóchas a bhí iontu, agus an díomá chomh maith. Bhí cluas chomhbhách le héisteacht ag an strainséir.

Tá samhlaoid iontach le sonrú anseo, Íosa ag siúl an bhóthair leis na deisceabail a raibh díomá agus mearbhall orthu, agus iad ag roinnt a gcuid buarthaí leis. Baineann tábhacht ábhartha do lucht leanúna Chríost an lae inniu leis an scéal seo atá dhá mhíle bliain d'aois. Nuair a chuireann an díomá, an t-amhras, an chiall cheannaithe, an treascairt, an beaguchtach, an drochmhisneach, an dúlagar, an dobrón, an t-éadóchas, agus an bás isteach orainn sa saol seo, is é Íosa an strainséir dofheicthe a shiúlann taobh linn, a éisteann lenár mbuairt. Má éistimid le guth Chríost, tuigfimid go maith cathain agus cén áit ar féidir linn teagmháil a dhéanamh leis agus dóchas bheith againn dá bharr.

## LE DÉANAMH 3

Léigh an machnamh thíos agus scríobh alt faoi dhúshlán áirithe a cuireadh romhat agus gur mhothaigh tú go raibh cabhair Dé ad' spreagadh.

### Loirg Choise

Bhí brionglóid ag duine, oíche. Mheas sé go raibh sé ag siúl ar an trá le hÍosa. Bhí radhairc a bhain lena shaol féin le sonrú trasna na spéire. I ngach radharc acu bhí dhá sheit loirg coise le feiceáil. Bhain seit amháin leis féin, agus an dara sheit le hÍosa. Nuair a léiríodh an radharc deireanach dá shaol dó, bhreathnaigh sé anuas ar an ngaineamh. Thug sé faoi deara gur tharla sé go minic nach raibh ach seit amháin loirg choise le sonrú sa ghaineamh. Thug sé faoi deara chomh maith gur tharla a leithéid nuair a bhíodh sé faoi bhrón, nó in ísle brí. Cuir sé seo isteach go mór air, agus luaigh sé leis an Tiarna é. 'A Thiarna, dúirt tú liom toisc go raibh mé sásta tú a leanúint, go mbeifeá i gcónaí taobh liom, ach tugaim faoi deara gur tharla go minic nuair a bhí mé thíos leis nach raibh ach seit amháin loirg choise le feiceáil. Ní thuigim ar chor ar bith é gur thréig tú mé in am an ghátair.'
Arsa an Tiarna, 'A chroí is a thaisce, tá an-chion agam ort agus ní fhágfainn go deo tú. Nuair a bhí do mhisneach á thriail, agus nuair nach bhfaca tú ach loirg choise an duine aonair, b'shin an uair ar iompar mise tú.

Is ó scéal Eamáus a thuigtear dúinn nach ndéanfaimid aistear an tsaoil a chur dínn inár n-aonar. Bíonn Íosa linn i gcónaí ar feadh an turais. Mar sin féin, tugtar dhá léargas ar leith dúinn faoi Íosa bheith linn ...

**1. Briathar Dé**

TIs trína bhriathar a choimeádann Íosa ar an mbealach ceart sinn. Ar an aistear chuig Eamáus tugann sé míniú iomlán do na deisceabail faoina raibh scríofa sna scrioptúir chomh fada is a bhaineann sé lena saol féin. Breathnóimid athuair ar an mbealach ina labhraíonn Íosa linn maidir lenár saol féin agus conas mar atá sé beo inár láthair trí na scrioptúir ar **an Mháirt de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha**

**2. Eocairist**

Is nuair a bhris Íosa an t-arán is ea d'aithin na deisceabail go fíor é bheith mar Chríost aiséirithe ó mhairbh. Sa lá atá inniu ann tá Íosa inár láthair ar bhealach faoi leith san Eocairist, nuair a roinneann sé linn agus é mar arán agus deoch na beatha dúinn, chun sinn a chothú ar aistear an tsaoil. Ar an g**Céadaoin de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha**, beimid ag caitheamh súil ar an tionchar atá ag ceiliúradh na hEocairiste ar obair agus ar mhisean Íosa i saol an lae inniu.

## Conclúid

Is siombail den saol Críostaí é scéal an aistir chuig Eamáus. Léirítear ann an t-éadóchas is an díomá a bhíonn ar chách. Buailtear le strainséir, cloistear focail dóchais uaidh, suitear síos ag ithe béile leis. Don Chríostaí, cuirtear **DÓCHAS** in iúl sa scéal seo. Feictear dúinn go dtugann Críost aiséirithe tacaíocht dúinn nuair a bhíonn lagmhisneach orainn, dóchas dúinn nuair a bhímid in ísle brí agus cuireann sonas orainn nuair a bhímid faoi dhíomá.

## LE DÉANAMH 4

**Déan taighde ar fhocail dheimhneacha atá mar mhalairt ar na focail dhiúltacha seo leanas ...**

____________________ malairt ar Díomá.

____________________ malairt ar Amhras.

____________________ malairt ar Chiall Cheannaithe.

____________________ malairt ar Treascairt.

____________________ malairt ar Beaguchtacht.

____________________ malairt ar Drochmhisneach.

____________________ malairt ar Dúlagar.

____________________ malairt ar Dobrón.

____________________ malairt ar Éadóchas.

____________________ malairt ar Bás.

## Déan machnamh faoin téama 'Dóchas agus Díomá"

Ní leor guí chugatsa, a Thiarna, chun deireadh a chur le **cogaíocht**,
Chruthaigh tusa an domhan ar an mbonn
Go dtiocfaimis féin ar bhealach na síochána
Muid féin agus ár gcomharsa

Ní leor guí chugatsa, a Thiarna, chun deireadh a chur le **gorta**,
Bhronn tusa na hacmhainní orainn
An domhan ar fad a chothú
Dá ndéanfaimis i gceart é

Ní leor guí chugatsa, a Thiarna, chun deireadh a chur le **claontacht**,
Bhronn tusa an radharc orainn
Maitheas a thabhairt faoi deara i gcách
Dá mbreathnóimis i gceart orthu

Ní leor guí chugatsa, a Thiarna, chun deireadh a chur le **héadóchas**,
Bhronn tusa an chumhacht orainn
Na plódcheantair a bhánú agus an dóchas a chothú
Dá mbainfí úsáid cheart as an gcumhacht úd

Ní leor guí chugatsa, a Thiarna, chun deireadh a chur le **galair**,
Bhronn tú an aigne orainn
Leigheas agus cneasú agus a lorg
Dá mbainfí úsáid cheart as

Dá bhrí sin, a Dhia, cuirimid ár nguí chugat,
An neart, an daingne, agus an neart tola a bhronnadh orainn
Dul i mbun ghnímh,
Seachas seasamh siar go díomhaoin.
(JACK RIEMER, LIKRAT SHABBAT)

# Féilte na Seachtaine

### Lá Fhéile Margaret Bheannaithe Ball

- Sa bhliain 1536, rinneadh ceann na heaglaise in Éirinn d'Anraí VIII agus gheall sé go gcuirfí duine ar bith a lean nós na Róimhe chun báis
- Sa 1530, dhruid Margaret Ball go Baile Átha Cliath agus phós Caitliceach a bhí mar Ard-Mhéara ina dhiaidh sin.
- Rinne Margaret Ball an tAifreann a cheiliúradh ina teach féin agus bhí a séiplíneach féin aici a rinne staidéar ar caiticeasmaic léi.
- Bhí Margaret slán a fhad is a bhí a fear céile ar an saol, ach nuair a fuair seisean bás bhí a beatha féin i mbaol.
- Thart faoin mbliain 1570 rugadh uirthi in éineacht le sagart a bhí ag ceiliúradh an Aifrinn, agus cuireadh sa charcair iad ar feadh tréimhse.
- Chomh luath agus a scaoileadh saor í, d'fhill sí láithreach ar chleachtadh an chreidimh.
- Bhí Margaret slán go leor toisc gur bean a bhain le teaghlach rachmasach a bhí inti.
- Ba mhaith lena mac Walter, bheith mar pholaiteoir, ach chuige sin bheadh air diúltú don chreideamh.
- Rinne sé amhlaidh agus nuair a thuig Margaret an méid a bhí déanta aige bhailigh sí scata sagart agus easpag chun ath-thiontú a lorg uaidh.
- Rinneadh namhaid dá mháthair, ach thug sí cuireadh chun dinnéir dó agus lean sí uirthi leis an iarracht ath-thiontaithe. Bhailigh seisean eolas faoi na sagairt dá bharr, rud a chabhraigh lena ngabháil nó a gcur chun báis fiú.
- Rinneadh Méara ar Bhaile Átha Cliath de Walter sa bhliain 1580 agus rugadh ar a mháthair agus ar an séiplíneach chomh maith.
- Sular cuireadh i gcarcair í, tugadh Margaret thart i gcairt agus rinneadh ceap magaidh di os comhair an tslua ar shráideanna Bhleá Cliath.
- Rinneadh príosúnach di i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Scaoilfí saor í dá ndéanfadh sí diúltú don chreideamh, ach sheas sí leis an rud ab ansa léi agus fuair sí bás ina cillín sa bhliain 1584, in aois trí scór agus deich mbliana dí.
- D'fhógair an Pápa Eoin Pól II mar dhuine Beannaithe í, mí Mheán Fómhair na bliana 1992.

### LE DÉANAMH

Mínigh na focail atá scríofa i ndearg san eolas thuas. Nuair a bhíonn an méid seo déanta agat i do chóipleabhar, scríobh amach ar chárta daite é agus croch ar an mballa coincheapa, nó cuir ar an gclár fógraíochta é.

Cén tábhacht a bhain leis an eachtra inar thug Anraí VIII ceann na heaglaise air féin in Éirinn, ach go háirithe?

An féidir leat comparáid a dhéanamh idir Margaret Bheannaithe Ball agus pearsa Íosa Críost?

### Francis Beannaithe Taylor

- Rugadh sa bhliain 1550 i gContae Bhaile Átha Cliath é. Bhí a mhuintir go maith as.
- Sa bhliain 1595, toghadh mar Mhéara ar Bhaile Átha Cliath é.
- Dhiúltaigh sé don 'Acht Ceannais' agus don 'Acht Ionannais''.
- Diúltaíodh suíochán sa Pharlaimint dó toisc gur Caitliceach a bhí ann.
- Rugadh air i rith réimis an Rí Shéamais I, agus cuireadh i bpríosún é sa bhliain 1614.
- Bhásaigh sé sa bhliain 1621.
- Ba í Margaret Bheannaithe Ball a sheanmháthair chéile.

### LE DÉANAMH

Mínigh na focail thuas atá scríofa i ndearg. Mínigh i d'fhocail féin an tionchar a bhí ag an dá Acht seo ar Chaitlicigh na hÉireann. Caithfidh tú fianaise thaighde a thaispeáint agus foinsí eolais a aithint.

### Naomh Aodhán Fhearna

- Rugadh i gConnacht é.
- Tugadh Maodhóg chomh maith air.
- Is ó na focail ar 'tine' nó 'solas' a tháinig an t-ainm.
- Bhunaigh sé mainistir i bhFearna Contae Loch Garman,
- Bhunaigh sé mainistir i nDroim Leathan agus ceann eile i Ros Inbhir.
- Rinne sé troscadh ar uisce agus ar arán eorna amháin ar feadh seacht mbliana agus dúirt 500 salm in aghaidh an lae.
- Rinneadh an chéad easpag ar Fhearna de.
- Ghléas daoine mar bhacaigh le cluain a chur ar Aodhán agus cabhair a lorg uaidh. Thuig Aodhán an méid a bhí déanta acu agus bhronn sé a gcuid éadaí ar bhochtáin a raibh sé tuillte acu.
- Lá agus é ag guí is ag staidéar, rith fia ina threo agus dídean ó chú á lorg aige. Leag sé clár scríofa a bhí aige anuas ar cheann an fhia, agus d'imigh sé ó radharc go dtí gur imigh an cú.
- Bhí amhras ann go raibh beirt fhear a thit san abhainn báite, ach rug Aodhán beo as an uisce orthu.
- Rinne a lucht leanúna gearán faoi nach raibh go leor uisce sa mhainistir acu. Thug sé treoir dóibh crann a leagadh, agus nuair a rinneadar amhlaidh tháinig brúcht uisce ón gcrann. Tugadh tobar Aodháin ina dhiaidh sin air.
- Nuair a bhí gá ann mainistir a thógáil, bheannaigh sé lámha fhir gan oiliúint agus rinneadh saor cloiche as, duine a rinne tógáil agus maisiú ar mhainistreacha Aodháin.

### LE DÉANAMH

Déan taighde faoi Naomh Aodhán Fhearna agus féach an féidir leat scéal úr faoin naomh a aimsiú, nó cur síos ar mhíorúilt a rinne sé. Caithfidh tú alt ar a laghad a scríobh agus sonraí an scéil nó na míorúilte a thabhairt, agus a rá cad as ar tháinig an t-eolas seo.

AN LUAN

# An Mháirt 31 Eanáir

## An Dara Lá: Briathar Dé (Lúcás 24:25-27)

### Tú Féin agus na Scrioptúir

Creideann na Caitlicigh gur briathar Dé atá sna Scrioptúir, ach cén tábhacht atá leis seo i saol an lae inniu? Tugann scéal Eamáus léargas tábhachtach dúinn maidir leis an ról lárnach atá ag an mBíobla don phobal creidimh, agus an fáth lena bheith go smior sa mhéid a dhéanaimid mar lucht leanúna Chríost.

**Íosa agus na Scrioptúir**

Is i scéal Eamáus a bhuaileann Íosa lena dheisceabail atá faoi bhrón agus a bhfuil lagmhisneach orthu, agus ceistíonn sé an fáth a bhfuil siad faoi dhíomá. Labhraíonn siadsan faoin scrios a rinneadh ar an dóchas a bhí iontu ionas gur bheartaíodar gan Críost a leanúint a thuilleadh, agus dul abhaile agus díomá an domhain orthu. Deir sé leo gur fíor do bhunús an scéil, gur rugadh ar Íosa agus gur chuir na húdaráis chun báis é, ach nach bhfuil an chiall cheart á bhaint acu as na himeachtaí seo. Chun nithe a shoiléiriú dóibh, téann sé siar ar eachtraí sa Sean-Tiomna dóibh. Léiríonn na scéalta seo go raibh Dia dílis i gcónaí dá mhuintir féin, agus leigheas, maithiúnas agus slánú á bhronnadh aige orthu. Léiríonn siad chomh maith go raibh Dia i gcónaí i bhfochair an phobail i rith an ama sin fiú nuair a d'fhulaingíodar na deacrachtaí agus na tubaistí is mó ina saol. Tuigeann na deisceabail de réir a chéile taobh eile an scéil a bheith ann inar féidir leo ceangal a dhéanamh idir a saol féin agus an méid a bhí sna scéalta a bhí acu ón gcliabhán. Bíonn dearcadh éagsúil ar chúrsaí acu nuair a dhéantar Briathar Dé as na scrioptúir, in ionad seanleabhair staire bheith iontu. Ina dhiaidh sin beidh siad ag trácht mar seo ar an eispéaras:"Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí?'

**Na Scrioptúir agus an Eaglais**

Díreach mar ar éist na deisceabail ar an mbealach go hEamáus nuair a mhíníodh na Scrioptúir dóibh, tugann lucht leanúna Chríost aire do na Scrioptúir ó shin i leith, mar fhoinse inspioráide, chun dóchas agus treoir a fháil uathu. Is dá bhrí sin a chuireann an eaglais léachtaí os ár gcomhair nuair a bhailímid chun an Eocairist a cheiliúradh. Tugaimid liotúirge an Bhriathair ar an gcuid seo den Aifreann, agus bíonn léachtaí ón mBíobla ann, ón Sean-Tiomna chomh maith leis an Tiomna Nua. Na leabhair a bhaineann leis an Sean-Tiomna, is leabhair naofa iad a bhaineann le saol na nGiúdach roimh aimsir Íosa, agus tá an Tórá, nó an Leabhar Dlí ann, scríbhinní na bhfáithe, agus machnaimh faoin stair, chomh maith le paidreacha agus scríbhinní na saoithe. Faoi mar a léiríodh dúinn i scéal Eamáus, is iad seo na scríbhinní a chabhróidh linn gach ar tharla d'Íosa a thuiscint. Sa Tiomna Nua tá scríbhinní ón chéad ghlúin de Chríostaithe agus iad ag machnamh faoi bheatha Íosa agus faoin mbrí a bhain lena shaol agus lena aiséirí ó mhairbh. Tá na ceithre Shoiscéal ann, litreacha a seoladh chuig na pobail luatha Críostaí, agus foramharc ar fhás agus ar leathnú amach na hEaglaise, agus tugtar Gníomhartha na nAspal orthusan. Creideann na Críostaithe gur de bharr inspioráide an Spioraid Naoimh a scríobhadh na Scrioptúir, agus gur cheart go léifimis féin faoi choimirce an Spiorad céanna iad.

**Tú féin agus na Scrioptúir**

An féidir linne eispéireas ar nós an ruda a tharla do na deisceabail ar an mbealach chuig Eamáus a bheith againn, agus láithreacht Chríost inár saol a thuiscint? Is féidir má bhímid sásta urnaí a dhéanamh leis na Scrioptúir agus aire a thabhairt do na focail, inár gcroí istigh.

Leis na céadta bliain tá gnáth-Chríostaithe ag baint úsáide as modh urnaí a dtugtar *Lectio Divina* air chun taithí a fháil ar Bhriathar Dé díreach ar an mbealach inar bhraith na deisceabail ar aistear Eamáus é.

Déan na céimeanna bunúsacha seo a leanúint.

## *Lectio Divina*: Bain úsáid as an mBíobla mar áis urnaithe

**Céim 1: Treoir a Lorg ón Spiorad Naomh.**

Tabhair cuireadh don Spiorad Naomh tú a threorú agus an grásta a thabhairt duit lánbhrí luachmhar a bhaint as na Scrioptúir:

> A Dhia ár nAthair, chuir tusa d'Aonmhac Íosa ar an saol. Is eisean a thaispeáin tú féin dúinn. Iarraimid ort an Spiorad Naomh a chur anuas orainn anois ionas gur féidir linn teagmháil a dhéanamh le hÍosa Críost trína Bhriathar, a thagann díreach uait féin chugainn. Cabhraigh linn láithreacht Íosa a aithint inár saol. Áiméan.

**Céim 2:*Lectio* – Roghnaigh scéal ón mBíobla le léamh.**

Bain triail as an scéal i Matha 14:22–33 ar dtús. Scéal é seo ina ndéanann Íosa siúl amach ar an uisce agus é ag déanamh ar na deisceabail atá i mbád. Léigh na focail go mall i dtosach báire, agus bíodh d'aire dírithe go hiomlán ar Dhia agat. Tabhair aire do na focail le hiomlán croí agus aigne.

**Céim 3: *Meditatio* – Machnamh.**

Suigh siar agus déan machnamh ar an méid atá léite agat. Cuimhnigh air go ndéantar aonad iomlán amháin as na scéalta is na leabhair a bhaineann leis an mBíobla. Déan iarracht brí na bhfocal a thuiscint. Agus an machnamh á dhéanamh agat, féach an bhfuil siad ábhartha do do shaol féin. An gcuireann an scéal dúshlán romhat, an spreagann sé tú, an gcuireann sé ceist ort gnéithe de do shaol féin a athrú? Bíodh cluas le héisteacht ort maidir leis an méid a deir Dia leat trína Bhriathar.

**Céim 4: *Oratio* – Freagairt a thabhairt do Dhia.**

Glac an t-am chuige freagairt a thabhairt ar an méid a léigh tú. Iarr ar an Spiorad Naomh tú a threorú agus iarr ar Íosa aiséirithe bheith i d'fhochair. Cad iad na smaointe a thagann i do cheann mar fhreagairt ar an ngiota seo de na Scrioptúir? Gabh buíochas le Dia as aon léargas spioradálta a thagann chugat, as aon tuiscint a bhíonn agat faoi Chríost bheith taobh leat, agus iarr gach cabhair ar Dhia chun aon athrú is gá a dhéanamh i do shaol a chur i gcrích.

**Céim 6: Tabhair gealltanas!**

Tabhair gealltanas go ndéanfaidh tú gníomh de réir do smaointe agus cuimhneamh ar an gcomhrá a bhí agat inniu leis an Tiarna.

# Lá Fhéile Naomh Eoin Bosco



Carlo Felice Deasti • Don Bosco • Torino • 1887

Rugadh Naomh Eoin Bosco ar an 16 Lúnasa 1815. Mac feirmeora bhoicht a bhí ann, agus chónaigh sé i sráidbhaile san Iodáil. Fuair a athair bás agus é dhá bhliain d'aois, agus d'oibrigh sé mar aoire le linn a óige. Oirníodh ar an 5 Meitheamh sa bhliain 1841 é, agus thosaigh sé ag obair i dTorino, agus chuir líon na bpáistí gan dídean ann alltacht air. D'ofráil sé cabhair do dhuine acu, ach lean seisear dá chompánaigh é, agus iad ag lorg cabhrach chomh maith. D'imir Don Bosco peil leo, rinne cócaireacht leo, agus mhúin siúinéireacht agus táilliúireacht dóibh. Thóg sé dílleachtlanna, ach toisc go raibh cabhair bhreise uaidh bhunaigh sé ord na mBráithre Sailéiseacha sa bhliain 1859. Rinne a chuid uachtarán iarracht baic a chur roimhe, ach níor ghéill sé dóibh, cé gur thug siad le fios dó gur mheasadar go raibh sé as a mheabhair. Thug a mháthair – Mama Maighréad – cabhair go leor dó. Bhí údaráis na cathrach thar a bheith sásta leis an obair a rinne sé leis na páistí. Bhreathnaigh sé orthu mar dhaoine daonna, ba chuma faoin salachar agus na giobail a bhain leo. Bhí an tuairim aige go raibh trí rudaí ann a chabhraigh go mór leis an oideachas: Faoistin, Comaoineach a ghlacadh go rialta, agus Aifreann Laethúil.

Cé go raibh tábhacht nach beag ag baint le heolas, bhí tábhacht níos mó ag baint leis na rudaí a chuaigh i bhfeidhm ar an chroí, agus mar sin rinne sé iarracht meas ar cheol a chothú sna páistí. Chuir sé tábhacht na suáilce agus an dualgais os comhair na bpáistí. Nuair a cuireadh ceist air maidir le smacht a chur ar na daltaí ar scoil is éard a dúirt sé ná: 'Fan amach ón bpionós chomh fada agus is féidir....déan iarracht an grá a spreagadh in ionad an eagla.'

Fuair Don Bosco bás ar an 31 Eanáir, 1888 agus ag an am sin bhí 250 teach ag na Sailéiseach ar fud an domhain, agus 130,000 páiste iontu. D'éirigh le Don Bosco sraith eagras agus ionad a bhunú a leanfadh lena chuid oibre. Rinne an Pápa Pius XI é a chanónú sa bhliain 1934.

## Le Déanamh:

- Mínigh na focail thuas atá scríofa i ndearg san eolas thuas. Nuair a bhíonn an méid seo déanta agat i do chóipleabhar, scríobh amach ar chárta daite é leis an míniú air, agus croch ar an mballa coincheapa, nó cuir ar an gclár fógraíochta é.
- Lig ort gur tusa duine de na bochtáin ar thug Don Bosco aire dóibh. Scríobh an méid a chuirfeá i do dhialann ar ghnáthlá sa dílleachtlann, agus ar conas mar a mhothaigh tú ar an lá úd.

# An Chéadaoin 1 Feabhra

# An Tríú Lá: Briseadh an Aráin (Lúcás 24:28-30)

## An Domhnach – lá as an ngnáth!

Tugann an Tríú hAithne treoir dúinn lá na Sabóide bheith mar lá naofa. I dteanga na nGiúdach is éard a chiallaíonn an focal 'naofa' ná 'éagsúil', 'ar leith' 'curtha i leataobh'. Caithfear lá in aghaidh na seachtaine a cheiliúradh mar lá ar leith; caithfidh an lá seo bheith éagsúil ó gach lá eile. Déanann na Críostaithe an Domhnach a cheiliúradh mar lá ar leith toisc gur aiséirigh Íosa ó na mairbh ar an lá seo, an chéad lá den tseachtain Ghiúdach. Is ar an Domhnach chomh maith, lá an Aiséirí, gur nocht Íosa é féin don bheirt deisceabal a bhí ar an aistear go hEamáus. Ó thosach an ré Chríostaí, chruinnigh lucht leanúna Críost le chéile ar an lá seo chun an Eocairist a cheiliúradh.....

'Ar an lá seo a d'ainmníodh in ómós na gréine, bailíonn muintir an bhaile agus muintir na tuaithe le chéile agus bíonn féile pobail ann. Is ansin a léitear croinicí na n-aspal nó scríbhinní na bhfáithe, chomh fada agus a bhíonn an t-am chuige. Nuair a bhíonn deireadh leis na léachtaí, tugann an ceiliúraí aitheasc agus é ag gríosú is ag spreagadh an lucht éisteachta leis an méid a chualadar sna léachtaí áille a chur i bhfeidhm ina saol féin. Seasann cách le chéile agus déanann urnaí. Nuair a bhíonn deireadh leis an bpaidreoireacht, tugtar fíon measctha le huisce, agus arán chun tosaigh, a fhad is a bhíonn an ceiliúraí ag guí agus ag gabháil buíochais, de réir an chumais atá ann.

Aontaíonn an slua leis an 'Áiméan' leis. Ansin roinntear ar a bhfuil i láthair, na nithe a ndúradh an t-altú buíochais os a gcionn. Tugann na deagánaigh cuid den ábhar seo leo le roinnt ar an muintir nach raibh ar a gcumas bheith i láthair. Bronnann na daoine atá go maith as an méid a theastaíonn uathu, agus fágtar gach ar bailíodh ag an gceiliúraí. Baineann seisean úsáid as le cabhrú leis na baintreacha agus na dílleachtaí, iadsan atá gátarach de bharr tinnis nó ar aon fháth eile, príosúnaigh, taistealaithe, aon duine a bhfuil riachtanas cabhrach air nó uirthi.'

(Naomh Iúistín Mairtíreach, 150AD)

## LE DÉANAMH 1

- Léigh an cur síos ar Aifreann an Domhnaigh ón dara haois a thug Naomh Iúistín Mairtíreach dúinn agus déan na gnéithe de atá ar aon dul le hAifreann an lae inniu a aithint. Is féidir na cosúlachtaí a rá nó a scríobh.
- Scríobh síos nó tabhair cur síos ó bhéal ar Aifreann a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis ó do thaobhsa.

Tugann Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 deis do mhic léinn brí an Domhnaigh Chríostaí a athaimsiú dóibh féin, agus ceiliúradh a dhéanamh air mar lá 'naofa', céad lá na seachtaine, lá Aiséirí Chríost, Lá an Tiarna.



Is Críostaí é an duine atá dílis do Lá an Tiarna, ní don tSabóid.
NAOMH IOGNÁID AINTÍOCH

## Beidh an Domhnach mar lá ceiliúrtha ar leith agus mar lá buíochais againn má dhéanaimid lá mar seo as ...

**1. Lá Urnaí agus Adhartha**

Má dhéanaimid sinn féin a aththiomnú d'Íosa san Eocairist gach Domhnach, agus má dhéanaimid machnamh ar léachtaí an Aifrinn don lá sin. (www.sacredspace.ie, tá go leor feidhmchlár ann ar féidir íoslódáil a dhéanamh orthu.)

**2. Lá don Teaghlach**

Caithimis béile le chéile mar theaghlach ar an Domhnach, nó bíodh turas as baile mar theaghlach le chéile againn.

**3. Lá do Dhaoine Eile**

Tabhair cuairt ar do ghaolta, ar sheandaoine nó ar dhuine a chónaíonn leis nó léi féin. Caith am ag bualadh le cairde. Tabhair cuairt ar reilig do mhuintir agus araile.

## LE DÉANAMH 2

- Déan do bharúil faoin Domhnach 'foirfe' nó 'idéalach' a bhreacadh síos mar amchlár, lá ar a gcaithfeá am sa séipéal, am le do mhuintir féin agus am le daoine eile.
- Cad iad na gnéithe de do shaol a chuireann isteach ar an Domhnach a chaitheamh mar seo?

**Adhradh, ní airgead, an bhrí atá leis an Domhnach: Des Kelly**

Tá úinéir sraith siopaí cairpéad agus fearastú baile in Éirinn tar éis seasamh láidir a ghlacadh in aghaidh trádáil a dhéanamh ar an Domhnach, agus thug sé le fios go ndruidfí gach aon cheann dá 13 siopa ar an lá sin, ionas go bhféadfaí an lá a cheiliúradh mar lá naofa. Des Kelly is ainm d'úinéir Cairpéid Des Kelly, agus tá 13 siopa ar fud na tíre aige, agus 200 fostaí nach mór, ag obair dó. Is eisean a chuir tús leis an tsiopadóireacht Domhnaigh i bhfad siar sa bhliain 1971, ach ón uair a thug sé a chéad chuairt ar Medjugorje sa bhliain1998, tá níos mó ama á chaitheamh aige agus é ag déanamh machnaimh faoina chreideamh féin. 'Cneasaíodh go mór ansin mé,' a dúirt sé ar chlár raidió fónáil isteach *Liveline* Dé Máirt. 'Téim ann cúpla uair in aghaidh na bliana ó shin i leith, agus chuir mé aithne níos fearr ar Dhia agus ar a Mháthair Bheannaithe dá bharr. Nuair a bhíonn tú i ngiorracht do Dhia is ea a thuigeann tú cad iad na peacaí atá á dhéanamh agat.' Dúirt an tUasal Kelly gur ghlac sé an cinneadh taobh istigh de na sé mhí roimhe sin gan na siopaí a oscailt, agus é tar éis dul i gcomhairle leis an fhoireann faoi. Deir sé go mbeidh titim de €600,000 sa teacht isteach a bhíonn aige, ach tá sé suite ar bheith sásta leis an gcinneadh, agus gur féidir leis an easnamh a chúiteamh ar bhealaí eile. Dúirt bean darb ainm Helen a ghlaoigh isteach gur mheas sí gur éacht bolscaireachta a bhí ann. B'úinéir siopa í féin, agus bhí barúil aici nach ndéanann daoine siopadóireacht ar an Domhnach, nach mbíonn ach brabhsáil thart á dhéanamh acu. Shéan an tUasal Kelly é seo, agus é ag rá gurb é an Domhnach an lá ab fhearr trádála a bhíodh acu, nach éacht bolscaireachta bhí ann, agus go raibh sé sásta go maith leis an gcinneadh. 'Le cabhair Dé beidh treocht úr leagtha anuas againn' ar sé. Ag an deireadh, bhí Helen ar aon toil leis. Bhí súil aici go mbeadh rath ar an gcinneadh agus go ndéanfadh go leor daoine eile an cinneadh céanna a ghlacadh. Labhair James, fear a ghlaoigh ó Thiobraid Árann, faoin mbealach ina ndearna sé comhbhrón le siopadóir ar Dhomhnach na Cásca toisc go raibh air dul i mbun oibre. 'Mura mbeadh custaiméirí againn ní bheadh orainn an obair a dhéanamh ar an Domhnach,' a dúirt sí mar fhreagra air. Chuaigh na focail seo go mór i bhfeidhm air, agus tá athsmaoineamh déanta aige ó shin faoi bheith ag siopadóireacht ar an Domhnach. Mhol glaoiteoir eile an tUasal Kelly. Seán ab ainm dó, agus é ag rá nach gcaithfear siopadóireacht a dhéanamh ar an Domhnach ar chor ar bith. Thug sé le fios nach n-osclaíonn na bainc ar an Domhnach, agus go n-éiríonn le daoine dul chucu i rith na seachtaine. Tugann sé an chlann leis ar Aifreann ar an Domhnach, agus ansin tugann siad cuairt ar na siopaí, a bhíonn plódaithe i gcónaí. Dhéanfadh sé an nós a athrú as seo amach de bharr a chuala sé ón Uasal Kelly. Mheas Bernadette, glaoiteoir eile, go mbeadh deis ag an nglúin óg machnamh a dhéanamh ar chúrsaí seachas bheith ábharaíoch go hiomlán, dá leanfadh siopadóirí eile an nós céanna, agus go dtuigfidís go raibh brí eile leis an Domhnach. D'oscail sí féin a cuid siopaí ar an Domhnach i rith na Nollag, ach ní dhéanfadh sí arís é. Bhí glaoiteoirí eile ann agus bhí malairt tuairim acu áfach. Mheas John ó Cheatharlach nach mbeadh deis ag daoine óga dá bharr, airgead a thuilleamh a chabhródh lena gcuid staidéar, agus dúirt Derek ó Chill Dara go mbíonn lánúin óga agus an bheirt acu ag obair, spíonta ar an Satharn ionas nach féidir leo dul ag siopadóireacht. Bíonn siad ag fámaireacht ar fud an tí, nó ag codladh, agus déantar an tsiopadóireacht ar fad ar an Domhnach dá bharr san. Dúirt an tUasal Kelly go seasfadh sé leis an gcinneadh. 'Tá an trádáil Domhnaigh go mór in aghaidh na prionsabail atá againn,' a dúirt sé. 'Is obair sclábhúil gan ghá é. Bímid ar oscailt go déanach ar an gCéadaoin, ar an Déardaoin, agus ar an Aoine. Níor mhaith le mo chuid oibrithe bheith ag obair ar an Domhnach. Tá siad sásta leis an socrú nua, tá mo mhuintir féin sásta, tá mo chlann clainne sásta. Is é an Domhnach lá na scíthe.'
foinse: catholicireland.net *Déardaoin, 10 Eanáir, 2008.*

AN CHÉADAOIN

## Le Déanamh 3

- Cén smaoineamh a bhuaileann tú agus tú ag léamh an ailt seo?
- Cad a spreag an tUasal Kelly chun athrú ar uaireanta trádála a chur i bhfeidhm?
- An aontaíonn tú leis an dearcadh go bhféadfadh siopaí fanacht dúnta ar an Domhnach, chomh maith leis na bainc? Tabhair míniú ar do fhreagra.
- Cad a dhéanfadh an mhuintir a bhíonn ag siopadóireacht ar an Domhnach dá mbeadh na siopaí druidte? An smaoineamh maith é go mbeadh daoine saor chun breis ama a chaitheamh lena gcairde agus lena muintir?
- 'Is é an Domhnach lá na scíthe. Cén bhrí a bhaineann tú as an ráiteas seo?
- Cuir ceist ar sheantuismitheoir nó ar sheanóir cad a bhíodh ar siúl acu ar an Domhnach in Éirinn sna seanlaethanta, nuair nach mbíodh siopa ar bith ar oscailt.
- Déan grúpaí le ceathrar iontu agus ainmnigh trí rud a dhéanfá ar an Domhnach, (gan bheith i siopalann) a chiallódh go mbeadh am fiúntach sa bhreis á chaitheamh agat le do mhuintir nó le do chairde.

# Lá Fhéile Bríde






### Crosóg Bhríde

Chrochtaí an chrosóg Bhríde sa bhaile, nó i stábla b'fhéidir, ionas go dtabharfadh sé cosaint an naoimh do mhuintir an tí agus do na hainmhithe chomh maith. Cad as ar tháinig an Chrosóg Bhríde?
Bhí Bríd ar cuairt chuig taoiseach págánach a bhí ar leaba a bháis. Phioc sí luachair den talamh agus rinne é a fhí i bhfoirm chroise. Nuair a d'iarr an taoiseach uirthi cad a bhí á dhéanamh aici, mhínigh sí scéal Chríost dó, agus an bhrí a bhain leis an gcros. Dúirt sí leis gan eagla roimh an mbás a bheith air, mar go mbíonn cion ag Dia orainn. Tar éis cuid mhaith mhíniúcháin, baisteadh an taoiseach págánach agus rinneadh ball den phobal Críostaí de. Gach bliain beannaítear crosóga nuadhéanta le huisce coisricthe agus deirtear na focail seo leis an mbeannacht: 'Go ndéanfaidh an tAthair, an Mac, an Spiorad Naomh agus Naomh Bríd an chros seo a bheannú, agus an uile dhuine a bhreathnaíonn air a bheannú chomh maith.'

### An Bhrídeog

Tugadh an Bhrídeog ó theach go teach. Siombail de Naomh Bríd féin a bhí inti. Uaireanta, gnáthbhábóg le gúna deas a bhí inti, agus uaireanta rinneadh cruth bábóige as punanna tuí agus gléasadh i gceart í. Thugadh na páistí an bhábóg ó theach go teach sa chomharsanacht. Uaireanta ba iad na mná neamhphósta a d'iompar an Bhrídeog. Ba í an cailín ba dheise an duine a d'iompar í, agus í gléasta i mbán. Bhí nósanna éagsúla i gceantair éagsúla. In áiteanna áirithe thugtaí 'Bidín' ar an mbrídeog. Mhaisigh buachaillí iad féin, agus sheinneadar ar ghléasanna ceoil, agus rinne rince leis, agus iad ag imeacht thart. Ba sceirdiúil an rud é do na páistí óga, b'fhéidir. Tugadh bia nó airgead do na buachaillí. Uaireanta chuir bean a' tí biorán isteach in éide na Brídeoige.

### Brat Bhríde

Píosaí ribíní a bhíodh iontu, agus chuireadh sealbhóirí ar leac na fuinneoige taobh amuigh iad. Mheasadar gur fhadaigh na ribíní i rith na hoíche. Ghluais an naomh ar fud na tíre i rith na hoíche agus bhronn cuid dá cumhacht cneasaithe ar na ribíní. Dá fhad é an ribín, is ea ba mhó an chumhacht chneasaithe. Leigheas don tinneas cinn a bhí sna ribíní seo. Rinneadh a leithéid seo leo: I dtosach báire rinneadh iad a chuimilt nó a tharraingt trí huaire thart ar cheann an othair, agus an deasghnáth seo á rá; 'In ainm an Athar, an Mhic is an Spioraid Naoimh.' Ceanglaíodh ansin timpeall ar cheann an othair iad. (Danaher, K, *The Year in Ireland*).
Baineadh úsáid chomh maith as an ribín chun tinneas fiacaile, tinneas cluaise, scornach thinn, agus pianta eile a leigheas. Mheas daoine áirithe gur cabhair a bhí sa ribín le go mbronnfaí paiste ar bhean, nó go mbéarfaí páiste go sábháilte. Chaith daoine áirithe an ribín chun cosaint a fháil dóibh féin.

### Crios Bhríde

Bhí taithí go leor ar an gcrios in iarthar na hÉireann. Súgán tuí dhá nó trí mhéadar ar fhad a bhí ann, ar cuireadh lúb ann agus a raibh crosa ceangailte leis. Uaireanta d'iompraíodh buachaill an crios, agus cailín an Bhrídeog. Uaireanta eile d'iompar an buachaill an dá rud, uaireanta eile ní bhíodh ach an crios ann. D'iompar scata duine óg an crios ó theach go teach ar oíche Fhéile Bríde agus chuaigh muintir an tí tríd an gcrios mar chomhartha cosanta, agus chun an tinneas a choimeád i bhfad uathu, na scoilteacha ach go háirithe. Dúirt iompróirí na croise, véarsaí a fhad is a d'imigh muintir an tí trí huaire an duine tríd an gcrios. Na fir a chuaigh tríd an gcrios i dtosach báire, agus is é seo an t-ord ina ndeachaigh siad – cos dheas, lámh agus gualainn dheas, an ceann, gualainn agus lámh chlé, agus ansin an chos chlé. Ina dhiaidh sin tháinig na mná mar seo – cuireadh an crios anuas thar an cheann, thar na guaillí, thar an gcorp agus sheasadar amach ansin uaidh. Ghearr daoine fíor na croise orthu féin nuair a bhí siad ar an mbealach tríd an gcrios. Uaireanta cuireadh ba tríd an gcrios, agus thrasnaigh an bhólacht ach go háirithe é ar Lá Fhéile Bríde.(*Oiriúnaithe ó* Danaher, K, *The Year in Ireland*)

## LE DÉANAMH

- Déan taighde faoi nósanna eile a bhain le Lá Fhéile Bríde.
- Ainmnigh trí cinn acu agus déan cur síos go mion orthu.

# An Déardaoin 2 Feabhra
# An Cheathrú Lá: An Tiarna a Aithint
(Lúcás 24:31-32)

## Bheith mar 'Eocairist' do dhaoine eile

Déanann Críostaithe, Láithreacht Réalta Íosa inár láthair a cheiliúradh san Eocairist. Bronnann Íosa an Eocairist orainn mar fhís bheatha, mar shlí mhaireachtála. Is fíor a rá go gcaithfidh duine maireachtáil mar an Eocairist, agus cumhacht a thabhairt do dhaoine eile dá bharr san. Tá go leor daoine a mhair, nó a dhéanann iarracht maireachtáil mar seo ann, An Mháthair Treasa, Gandhi, Bob Geldof, an tAthair Peter McVerry féin, mar shampla. Is tríd an obair a rinne na daoine seo ar son an chirt, ar son na síochána, tríd an gcúram a rinneadar de na hocraigh agus de na heasláin, de na daoine imeallacha uaigneacha a d'athraigh siad an focal 'Eocairist' le go mbeadh sé mar bhriathar. Rinneadar amhlaidh nuair a bhronn siad a gcuid féin ar mhaithe leis an duine eile agus grá Íosa á léiriú acu do dhomhan. Is féidir linne chomh maith bheith mar 'Eocairist' i leith dhaoine eile nuair a thugaimid uainn ionas go gcuirimis cabhair agus tacaíocht ar fáil dár gcomhmhuintir. Bhí Íosa mar Eocairist do dhaoine eile i bhfad sula ndearna sé Arán na Beatha de féin. Mhair Íosa ar an saol seo ar bhealach a thug cumhacht do dhaoine saol níos doimhne, níos comhlíonta a chaitheamh. Ag an Suipéar Déanach thaispeáin Íosa an bealach dúinn ina n-ofrálaimis sinn féin dá chéile le go dtógfaimis suas an pobal ar fad. Ní éasca an rud a leithéid a dhéanamh. Mar sin féin, tugtar cuireadh dúinn iarracht a dhéanamh sampla Íosa a leanúint agus bheith mar Eocairist dár muintir iomlán, ag glacadh lena chéile mar phobal beannaithe, ag roinnt ar chách.

Ar an 10 Meitheamh 2004, d'fhógair an Pápa Eoin Pól II go ndéanfaí bliain iomlán a thiomnú don tSacraimint Naofa agus thug sé cuireadh don eaglais iomlán machnamh a dhéanamh ar an Eocairist. Chuir sé ina luí orainn go gcaithfeadh an Eocairist bheith go mór le sonrú ionainn, agus cé go mbímid gnóthach ag obair agus go mbíonn brúnna nua ag cur isteach orainn in aghaidh an lae, gur ceart go mbeadh an Eocairist chun tosaigh inár ngníomhartha, inár nós maireachtála, sa ghaol a bhíonn againn le daoine eile, sna luachanna a bhaineann linn, i bhfírinne ár saol laethúil.

## LE DÉANAMH 1

• Déan grúpaí le triúr iontu agus bí ag plé an bealach ina bhféadfadh duine bheith mar 'Eocairist' do dhaoine eile. Scríobh síos sampla amháin eadraibh agus roinn leis an rang é.

**Is ón Mháthair Treasa a tháinig na ráitis thíos**

1. Roghnaigh an ráiteas is mó a théann i bhfeidhm ortsa, agus mínigh cén fáth san.
2. Conas a chabhraíonn na focail seo linne a mhíniú go bhfuil Íosa go gníomhach inár measc ar domhan?

'Tá sé éasca an focal cineálta a rá, ach leanann an macalla go deo uaidh.'

' Ná bí ag ceapadh go gcaithfidh an grá bheith éachtach, lena bheith fírinneach. An gá atá ann ná grá a thabhairt gan éirí tuirseach de. Bí dílis trí na nithe beaga, is iontu san a léireofar an neart atá ionat.'

'Má sméideann tú ar dhaoine, tugann tú grá dóibh, is gníomh grámhar é, bronntanas dóibh, ní álainn.'

'Bíonn sé níos deacra easpa grá a leigheas, ná easpa arán.'

' Ná fágadh aon duine do chomhluadar gan iad a bheith níos sona agus níos fearr de. Bí mar léargas beo ar chineáltas Dé: bíodh an cineáltas le sonrú i d'aghaidh, i do shúile, i do gháire.

'Níl tábhacht ag baint leis an méid a thugaimid uainn, ach leis an ngrá a chuirimid leis.'

' Ar Lá an Luain, ní thabharfar breithiúnas orainn de réir na gcáilíochtaí atá againn, ná de réir an méid airgid a thuilleamar, agus ní de réir na móréachtaí a rinneamar. Tabharfar breith mar seo orainn " Bhí ocras orm agus chothaigh tú mé, bhí mé gan éide agus ghléas tú mé, bhí mé gan áit chónaithe agus thug tú dídean dom."

'Cad is féidir leat a dhéanamh ar mhaithe leis an tsíocháin dhomhanda? Téigh abhaile agus taispeáin grá do do mhuintir féin.'

'Ní chuirfidh mise claochlú ar an domhan, ach is féidir liom cloch a chaitheamh in uisce a bheidh toradh cuilitheach leis.'

'An saol nach gcaitear ar mhaithe le daoine eile, ní saol ar chor ar bith é.'

'Mura mbíonn ar do chumas céad duine a chothú, déan duine amháin acu a chothú .'

### Cé a bhí mar Eocairist d'Íosa féin?

Tá radharc i ngach aon cheann de na Soiscéil, ina dtagann bean chuig Íosa, cúpla lá roimh bhás dó, agus beannaíonn sí a chosa le hola chostasach. Déanann an lucht féachana gearán faoi seo, agus ní thuigeann siad conas a d'fhéadfadh Íosa ligean leis an mbean seo, agus peacach a bhí inti, nó aon bhaint bheith aige léi. Dúirt Íosa leo gan chur isteach uirthi toisc go ndearna sí rud 'álainn' dó. I ngan fhios di féin, bhí sí tar éis ungadh a dhéanamh air roimh bhás dó. Ba shólás d'Íosa é gníomhartha na mná agus bhain sé suaimhneas as an aire a thug sí dó. Ba 'Eocairist' í an bhean seo i leith Íosa, thug sí cumhacht dó, thug sí neart do thuras na croise a bhí roimhe dó. Is é seo an bhrí atá le bheith mar Eocairist do dhaoine eile, go gcuireann tú chuige le cumhacht a thabhairt do dhaoine eile. Ní gá gur rud mór a bheadh i gceist a tharraingíonn aird an tslua ort. Is féidir leat gníomh beag tacaíochta a dhéanamh a léireoidh dílseacht do do chara, lámh chúnta a thabhairt sa bhaile, do dhícheall a dhéanamh, focal molta a thabhairt do shiblín, nó do mhac léinn eile... níl deireadh leis na féidearthachtaí.  Más fíor-Chríostaí mé, glaoitear orm in aghaidh an lae díriú ar bheith ag iarraidh na físe saoil seo a chur i gcrích, bheith mar Eocairist, ag tabhairt cumhachta do dhaoine eile.

## LE DÉANAMH 2

- Léigh an sliocht seo leanas ón mBíobla.
- Cén focal nó frása is suimiúla san alt seo? Scríobh maidir leis an rogha a rinne tú agus maidir leis an bhfáth ar roghnaigh tú an focal nó an frása úd.
- Cad é do mheas ar an mbealach inar dhéileáil Íosa le gníomhartha na mná seo?
- An féidir leatsa bheith mar 'Eocairist' do dhuine eile inniu? An fiú iarracht a dhéanamh? Cén Fáth? Cén Fáth nach ndéanfá é?

### Lúcás 7:36-50

Thug duine de na Fairisínigh cuireadh dó chun proinne aige féin; agus ar dhul isteach dó i dteach an Fhairisínigh chuaigh ina luí ag bord. Agus peacach mná a bhí sa chathair nuair a fuair sí scéala é bheith ag bord i dteach an Fhairisínigh, thug sí léi próicín alabastair d'ola chumhra, agus ar bheith di ar gcúl ag a chosa agus í ag gol, thosaigh ag fliuchadh a chos lena deora, agus bhí á dtriomú le folt a cinn agus í ag pógadh a chos agus á n-ungadh leis an ola chumhra. An Fairisíneach a thug an cuireadh dó, ar a fheiceáil sin dó, dúirt ina aigne: "Dá mba fháidh an duine seo bheadh a fhios aige cé hí, agus cén sórt í, an bhean seo atá ag baint leis, gur peacach í." Dúirt Íosa leis á fhreagairt, "A Shíomóin, tá rud agam le rá leat." "A Mháistir," ar seisean, "abair." Dúirt: "Bhí beirt i bhfiacha ag éilitheoir áirithe: bhí cúig céad déanar amuigh ar dhuine acu, agus caoga ar an duine eile. Nuair nach raibh an t-íoc acu, mhaith sé dóibh araon. Cé acu, mar sin, is mó grá dó?" D'fhreagair Síomóin agus dúirt "An té, mo bharúil is mó dár mhaith." Dúirt sé leis: "Thug tú an bhreith cheart." Agus é ag iompú chun na mná, dúirt sé le Síomón: "An bhfeiceann tú an bhean seo? Tháinig mé isteach i do theach; níor thug tú uisce chugam do mo chosa; ach do fhliuch sí seo mo chosa lena deora agus thriomaigh lena gruaig iad. Níor thug tú dom póg; ach í seo ó tháinig mé isteach, níor stad sí ach ag pógadh mo chos. Níor ung tú mo cheann le hola; ach d'ung sí seo mo chosa le hola chumhra. Sin é an fáth, deirim leat, a bhfuil na peacaí – a mórchuid peacaí – maite di; is léir sin ó mhéid a grá. Ach an té dá maitear an beagán, ní ghránn ach beagán." Agus dúirt sé léi: "Tá do pheacaí maite." Agus iad seo a bhí ag bord leis, thosaigh siad ag rá ina n-aigne: "Cé hé seo a dhéanann fiú amháin peacaí a mhaitheamh?" Ach dúirt sé leis an mbean: "Shlánaigh do chreideamh tú. Imigh faoi shíocháin."

# Lá Fhéile Toirbhirt an Tiarna, nó Lá Fhéile Muire na gCoinneal

Lá Fhéile Muire na gCoinneal an t-ainm a thugtar ar an lá i ndiaidh Lá Fhéile Bríde. Ar an lá seo cuimhnítear ar an uair a thug Muire agus Iósaf, Íosa linbh chun an teampaill in Iarúsailéim len é a thoirbhirt chun Dé, de réir nósanna na nGiúdach. Is ansin a bhuail siad le seanfhear darb ainm Simeon. Thug seisean 'solas do na ciníocha' ar an leanbh. Déanann sé tagairt chomh maith dá shaol fásta, agus don deireadh a thiocfaidh leis. (Lúcás 2:22-40). Sa sliocht seo ón scéal, déanann Simeon é a thuar go ngabhfaidh claíomh trí chroí Mhuire.

> Fhad is a bhí athair is máthair an linbh ag machnamh ar na rudaí a dúirt sé faoina mac, bheannaigh Simeon iad agus dúirt lena mháthair Mhuire, "Féach is dán dó seo bheith ina thrúig leagtha agus éirithe dá lán in Iosrael agus ina chomhartha a shéanfar – agus gabhfaidh claíomh trí d'anam féin – chun go bhfoilseofaí smaointe as mórán croíthe."

Rinne an Eaglais Oirthearach ceiliúradh i dtosach báire ar an fhéile seo agus thugadar 'An Teagmháil' air. Rinne an Eaglais Iartharach ceiliúradh beagán níos déanaí air. Cuireann an fhéile seo deireadh le tráth na Nollag, agus treoraíonn briathra Shimeon i dtreo na Cásca sinn.

## LE DÉANAMH 1

Déan scéal scáthbhosca a chruthú a léiríonn Toirbhirt an Tiarna. Nuair a bhíonn an taispeántas seo thart, téigh ar mhórshiúl timpeall an tseomra ranga chuig cúig stad a bheidh mar áiteanna tosaithe do dheichniúr de na Cúig Bhua. Ba cheart go mbeadh íocón éigin ann a bhainfeadh le gach deichniúr acu, agus coinneal ann le lasadh ag mac léinn. Ba cheart go mbeadh coinneal an duine á iompar ag na mic léinn atá sa mhórshiúl.

## LE DÉANAMH 2

Adhradh na Naomhshacraiminte. Téigh chuig an aireagal nó chuig an séipéal áitiúil leis na mic léinn. Socraigh síos os comhair na Naomhshacraiminte iad. Léigh Lúcás 2: 22-40 agus lig do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an scéal.

**Dírigh ar na gnéithe seo den scéal:**

1. An turas a rinne Muire agus Iósaf chun Íosa a thabhairt chuig an teampall. Cuimhnigh ar an 'Áiméan' a dúirt Muire. Cuimhnigh chomh maith ar an 'Áiméan' a dúirt Muire nuair a thug an tAingeal Gaibriéil cuairt uirthi.
2. Nuair a smaoinímid ar an uamhan a thainig anuas ar Shimeon nuair a bhuail sé le hÍosa óg, agus lena thuismitheoirí, cuimhnímid ar an uamhan a mhothaigh Eiliosaibeit nuair a thug Muire cuairt uirthi, agus í ag iompar.
3. Cuimhnímid ar an 'Áiméan' a dúirt Muire agus an tionchar a bhí aige uirthi, agus an brón agus an phian a mhothaigh sí mar mháthair. Cuimhnigh chomh maith ar an lúcháir a mhothaigh sí nuair a rugadh a mac.

# An Aoine 3 Feabhra
# An Cúigiú Lá: Ár Misean (Lúcás 24:33-35)

'Cuimsíonn an misean uilíoch an uile dhuine, an uile rud, i gcónaí. Ní rud eisiach i seilbh an duine aonair atá sna Soiscéil, ach bronntanas le roinnt, dea-scéal le tabhairt do chách. Bronntar an tiomantas seo ní ar an mbeagán, ach ar an uile dhuine a baisteadh, iadsan atá mar "cine tofa..., sagartacht ríoga, muintir naofa.., pobal Dé..le go bhfógródh sibh éachtaí"'. (1 Pead. 2:9)
AN TEACHTAIREACHT A BHÍ AG AN BPÁPA BEINIDICT AR DHOMHNACH MHISEAN AN DOMHAIN 2011

## Cad is brí le 'Misean'?

Misean Íosa ar domhan a chomhlíonadh:
- An creideamh a roinnt.
- Aire a thabhairt don mhuintir ghátarach.
- An ceart a lorg, agus a chur chun cinn.

## Duine a Chuaigh i mBun Ghnímh

Déan an físeán ceoil de 'World on Fire' le Sarah McLachlan a lorg ar líne agus taispeáin do na mic léinn é. Tionscadal spreagúil a bhí ann ó Sarah, nuair a ghlac sí an cinneadh físeán ar $15 a chur le chéile í féin, in ionad $150,000 a thabhairt uaithi dá cuideachta léiriúcháin. Bhronn sí an bhreis airgid ar na bochtáin. An toradh a bhí leis seo ná físeán ceoil a bheith ann a léiríonn an chumhacht cheannaigh atá ag an dollar sna tíortha is sna pobail atá i mbéal forbartha.

**Domhan Trí Thine**

Tá doilíos croí ann sa Ré Dhorcha seo
Níl tú i d'aonair i scéal seo an bhróin
Tá meath ar an solas i measc na mbeo
Ní chaillfidh mé mo chiall
Ní chaillfidh mé mo chiall
Domhan trí thine
Deacair dom glacadh leis
Rachaidh mé chun tobair
Béarfad liom mo chuid
Déanfad mo dhícheall
I bhfad thar an meán
Tabharfaidh mé chun boird é
Más féidir liom.

Is féidir na liricí i mBéarla a fháil ar líne.

AN AOINE

## LE DÉANAMH

- ÉIST le, agus LÉIGH na teachtaireachtaí a chuireann Sarah os ár gcomhair faoi dhó.
- Déan obair i bpéirí agus cláraigh na bealaí ina bhféadfadh Sarah an t-airgead a chaitheamh uirthi féin, in ionad é a chaitheamh ar mhaithe le daoine eile, m.sh. $5,000 in aghaidh an lae a chaitheamh ar ghruaig agus smideadh, NÓ scolaíocht bhliana a sholáthar do 145 cailín san Afganastáin.
- Déan plé faoi chúrsaí nuair a bhíonn caiteachas Sarah á chlárú, agus ansin déan liosta tosaíochta as an gcaiteachas, de réir do luachanna féin.
- Cén tosaíocht a bheadh ag an rang ar na nithe seo? An bhfuil córais luachanna éagsúla ann taobh istigh den seomra ranga?
- Ainmnigh na nithe a bhfuil luach agat féin i do shaol orthu. Scríobh liosta díobh, más féidir. An gá dúinn athsmaoineamh a dhéanamh, maidir leis an tosaíocht a thugaimid do ghnéithe an tsaoil?
- Déan ransú smaointe maidir leis na bealaí cruthaitheacha ina mbeifeá mar éascaitheoir athraithe ar nós Sarah, chun an Misean Caitliceach agus a chuid oibre a chur ar aghaidh sa saol.

Thuig Naomh Treasa d'Avila, naomh agus misteach a mhair sa séú haois dhéag, thuig sí go maith go bhfuil ról ag an uile Chríostaí, Íosa beo a chur os comhair phobal an domhain. Is mar seo a rinne sí cur síos air sa phaidir seo leanas:


Naomh Treasa d'Avila

**Paidir Naomh Treasa**

Níl corp ar bith ag Críost, seachas do chorp féin,
Níl lámh ná cos ar domhan aige, seachas do chuidse
Is leatsa na súile a bhreathnaíonn go comhbhách ar an domhan seo,
Is leatsa na cosa a iompraíonn é chun an mhaitheas a dhéanamh
Níl corp ar bith anois ar domhan ag Críost, seachas do chorp féin,
Is leatsa na lámha lena gcuireann sé a bheannacht ar phobal an domhain,
Is leatsa na lámha, is leatsa na cosa,
Is leatsa na súile, is tusa a chorp.
Níl corp ar bith ag Críost, seachas do chorp féin,
Níl lámh ná cos ar domhan aige, seachas do chuid
Is leatsa na súile a bhreathnaíonn go comhbhách ar an domhan seo,

Tar éis duit éisteacht leis agus machnamh a dhéanamh ar phaidir Naomh Treasa, scríobh alt a mhíneodh conas mar a réitíonn an phaidir seo le téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha.

# Naomh Blaise

Thug bean, a mac chuig Blaise agus cnámh á thachtadh ina scornach agus chneasaigh sé an páiste

Cuirtear beannacht Naomh Blaise ar uisce agus ar eallaí

Sa Fhrainc, cuirtear beannacht ar shíolta arbhair. Iompraíonn na mná ciseáin síolta lena mbeannú sa séipéal. Fágtar leath den arbhar mar ofráil, agus measctar leis na gnáthshíolta an leath eile sula gcuirtear i dtalamh iad

Meastar gur chosantóir ar chathracha é Naomh Blaise, cosantóir na n-ainmhithe allta, éarlamh na veigeatóirí, agus éarlamh na dtionscal olla

Nuair a bhí príosúnacht á chur air, tháinig bean chuige a dúirt gur rug mac tíre a muc leis. Trí idirghuí Naomh Blaise tugadh an mhuc ar ais chuig an mbean

Sa Ghearmáin, is é Naomh Blaise éarlamh na gceoltóirí, na ngaothuirlisí, agus na mbuíonta ceoil

Rinneadh éarlamh ar bhaile Spáinneach in aice le Valencia de Naomh Blaise, nuair a mheas an pobal gur shábháil sé ón ngalar diftéire iad

Sa bhliain 971, nuair a bhí fogha á bhagairt faoin áit ina bhfuil Dubrovnik na linne seo, deirtear gur nocht Naomh Blaise é féin do mhuintir na cathrach agus gur shábháil sé iad

Lastar tinte cnámh ar Lá Fhéile Blaise Naofa, toisc go bhfuil an focal blaze ar nós Blaise, is dócha

Le linn géarleanúna, chuaigh sé i bhfolach i bpluais agus a fhad is a raibh sé ansin leigheas sé ainmhithe a bhí tinn nó gointe

I Norwich Shasana, bíonn ceiliúradh iontach ann i measc oibrithe sa tionscal olla ar Lá Fhéile Blaise Naofa

Meastar go bhfuil gaol ag Naomh Blaise leis an tionscal olla.. D'ainmníodh St. Blazey, sráidbhaile i gCorn na Breataine ina onóir. Tuigtear gur chuir Blaise oiliúint sna scileanna olla ar dhaoine sna ceantair seo.

San Iodáil, déantar borróga beaga a bhácáil ar an 1 Feabhra. Beannaítear iad agus roinntear ar an 3 Feabhra iad ar an bpobal i ndúiche na dtionscal olla. I Serra San Bruno, bronnann na fir brioscaí darb ainm abbacolo ( cosúil le bachall easpaig) ar na cailíní. Má bhriseann an cailín an briosca ina dhá chuid agus má thugann sí leath de ar ais don fhear, tuigtear go bpósfar an bheirt

Tarlaíonn Lá Fhéile Blaise Naofa sa Spáinn i rith fhéile an earraigh. Déantar aráin mhilse (panelleta) a ofráil do Naomh Blaise, agus roinntear ar an teaghlach, ar chairde, agus ar pheataí iad

I mbaile beag Aubin na Fraince, rinneadh éarlamh ar an séipéal áitiúil de Naomh Blaise, toisc gur mheasadh gur eisean a chuir deireadh le heipidéim a bhí ag bánú na n-eallaí

Tá ardeaglais ann in Dubrovnik ina bhfuil na taisí seo leanas a bhaineann le Naomh Blaise ar taispeáint: ceann Naomh Blaise, a lámh chlé is a lámh dheas, a scornach is a chos dheas

## LE DÉANAMH

Is é Naomh Blaise duine den Cheathrar Cabhraitheoir Naofa Déag. Cérbh iad, agus cad is ainm don chuid eile acu?

# Naoimh Mhilse



**Nach maith an smaoineamh é ceiliúradh a dhéanamh ar na féilte agus ar na naoimh trí fhéasta milseán bheith ann? A fhad is a bhíonn na milseáin á ndéanamh, is féidir labhairt mar gheall ar na naoimh agus mar gheall ar an saol a chaitheadar.**

## Naomh Tomás Acain – Strufail Sinséir

### An Comhábhar

- 1 paicéad cáca sinséir
- 150g (6unsa) bainne seacláide
- 100g (4unsa) silíní glacé gearrtha
- 50g (2unsa) seacláid
- Púdar dheoch sheacláide
- Spúnóg shuibhe leáite i mbeagán uisce fiuchta

Ar an Domhnach 28 Eanáir, déanaimid ceiliúradh ar Lá Fhéile Naomh Tomás Acain. Is eisean an t-éarlamh ar mhic léinn. Rugadh Tomás Acain thart faoin mbliain 1225 i gcaisleán a athar, an Cunta Landulph, in Aquino, Napoli na hIodáile. Chaith Tomás a shaol faoi phribhléid, toisc gur bhain sé le teaghlach uasal rachmasach, agus cuireadh ardoideachas air. A fhad is a bhí sé ag an Ollscoil ag staidéar, tháinig Tomás faoi thionchar na gluaiseachta nua Doiminiceánach, agus theastaigh uaidh riail na nDoiminiceánach a leanúint. Chuir a mhuintir, a bhí traidisiúnta go maith, ina aghaidh seo, ach de réir a chéile d'éirigh le Tomás a mhian a fháil. Rinneadh Dochtúir le Diagacht de, agus thug sé léachtaí ar an Diagacht i gcathracha tábhachtacha mar an Róimh, agus i bPáras, agus leath a cháil mar scoláire ionas gur bronnadh an gradam air bheith mar éarlamh na mac léinn agus na n-ollscoileanna. Níor éirigh leis a mhórshaothar léinn, an Summa Theologica, a chríochnú. Ar an mbealach chun Dara Chomhairle Lyon dó, ar ordú ón bPápa Greagóir X, bhuail tinneas é agus fuair sé bás ag an mainistir Chistéirseach de Fossa Nuova na hIodáile, sa bhliain 1274. Duine de na diagairí ba mhó tionchair dár mhair riamh ba ea Tomás, agus d'ainmnigh an Pápa Pius V é bheith mar Dhochtúir na hEaglaise nuair a chanónaíodh é sa bhliain 1323.

**Modh Oibre Déan an tseacláid a leá. Déan an cáca sinséir a bhriseadh suas i mbabhla agus spréigh na silíní gearrtha anuas air. Measc lena chéile iad. Cuir an tsubh leáite isteach chun an meascán a dhlúthú le chéile. Déan an meascán a rolladh amach ina liathróidí beaga, thar faoi 25g/1unsa. Ba cheart go ndéanfá ocht liathróid agus fiche as. Fág amach ar phláta iad, déan iad a rolladh sa tseacláid leáite, agus ansin déan iad a rolláil sa phúdar dheoch sheacláide.**

## Naomh Pádraig – Milseáin Lus an Phiobair

### An Comhábhar

- 12 tbsp siúcra reoáin
- 1 bán uibhe,
- Dathúchán bia glas de réir do rogha féin
- Blaistiú lus an phiobair
- Seacláid chócarála

Ní hé amháin gur thug Naomh Pádraig an creideamh chun na hÉireann, ach bhunaigh sé na céadta séipéal le go bhféadfadh an pobal maireachtáil sa chreideamh sin agus é a cheiliúradh. Rugadh Pádraig sa Bhreatain ag deireadh an cheathrú chéid.
Gabhadh é agus tugadh chun na hÉireann mar sclábhaí é. Agus é ag obair mar sclábhaí, nochtadh Dia ina shaol dó, agus chabhraigh an creideamh a bhí aige leis ionas go bhféadfadh sé cúinsí contúirteacha a chur de. Spreag an creideamh an fhís ann agus an neart bheith aige a shaol ar fad a chaitheamh i seirbhís Dé. Tar éis dó éalú ó Éirinn, mheas Pádraig go raibh Dia ag iarraidh air dul ar ais le bheith mar mhisinéir an uair seo. Thug muintir na hÉireann gach tacaíocht dó agus bhí meas acu air ionas gur ghlac siad le Soiscéal an chreidimh a roinn sé leo. D'fhan sé ag obair leis in Éirinn ar feadh tríocha bliain, go dtí go bhfuair sé bás ar an 17 Márta 461. Is é Pádraig príomhéarlamh na hÉireann agus déanann pobal na tíre ceiliúradh in aghaidh na bliana ar a shaol agus ar a mhórghníomhartha, cothrom lae a bháis.

**Modh Oibre Cuir an siúcra reoáin, an bán uibhe, 4 braon de bhlaistiú lus an phiobair agus 12 braon dathúcháin bia glas le chéile i mbabhla. Déan iad a mheascadh go maith agus déan fuineadh ar an meascán chun liathróid mhín a dhéanamh de. Má tá an meascán ró-fhliuch, cuir breis siúcra leis. Déan ispín mór as an liathróid trína rolláil, agus gearr slisní de chun milseáin indibhidiúla a dhéanamh as. Bain úsáid as do lámh le cruth maith a chur ar na milseáin agus fág i leataobh ar chlár mionghearrtha le triomú iad. Leáigh an tseacláid i mias oiriúnach sa mhicreathonn. Déan na milseáin a leaththumadh sa tseacláid, agus leag amach ar scragall stáin iad le go dtéachtfaidh an tseacláid.**

## An Comhábhar

125g/4unsa im bog neamhshaillte

300g/10unsa seacláid dhorcha de dhéanamh maith, briste i bpíosaí

3 tbsp síoróip órga

200g/7unsa brioscaí tae saibhir

100g/3unsa mionleamhacháin

2 tsp siúcra reoáin

## Naomh Bríd – An Bóthar Carraigeach

Creidtear gur rugadh Naomh Bríd i bhFochaird i gContae Lú. Ba mhaith lena hathair, duine a bhí mar thaoiseach áitiúil go bpósfadh sí file na háite, ach theastaigh uaithi siúd bheith mar bhean rialta. Bhronn Naomh Mel caille na mban rialta uirthi ag Ardach. Ina dhiaidh sin bhunaigh sí a príomhmhainistir i gCill Dara. B'ionad cáiliúil na hurnaí is na scoláireachta é, agus bhí rath air i bhfad tar éis a bás sa bhliain 525.

**Modh Oibre** Déan an t-im, an tseacláid is an tsíoróip órga a théamh le chéile i sáspan trombhoinn agus teas bog faoi. Bain den sorn é agus cuir 125ml/4u.l. den mheascán i leataobh i mbabhla. Cuir na brioscaí i mála plaisteach reoiteora agus brúigh le crann fuinte iad go dtí go ndéantar brus astu, le cuid píosaí brioscaí go fóill ann. Déan an brus is na píosaí brioscaí a fhilleadh isteach sa mheascán leáite seacláide agus ansin cuir isteach na leamhacháin chomh maith. Cuir an meascán isteach i stán cearnógach bácála de thoise 24cm/9 orlach. Déan an barr réidh le cabhair ó spadal fliuch. Tóg an125ml/4u.l. den mheascán a chuir tú i leataobh níos luaithe agus cuir isteach sa stán chomh maith é. Déan an barr réidh leis an spadal fliuch. Fág sa chuisneoir thar oíche nó ar feadh lae é. Gearr i 24 méar é agus cuir iarracht de shiúcra reoáin orthu roimh iad a dháileadh amach.

## An Comhábhar

1340g cnó cócó triomaithe

340g siúcra reoáin

400g stán bainne comhdhlúite

Dathúchán bia de réir do rogha féin

## Naomh Proinsias Assisi – An Ghrian, An Ghealach is na Réaltaí – Milseáin Cnó Cócó Reoite

Rugadh Naomh Proinsias thart faoin mbliain 1181 in Assisi na hIodáile. Agus é ina dhuine óg, bhain sé an-taitneamh as bheith ag dul as baile ar chóisirí is ar fhleánna. Ní raibh suim ar bith aige sa léann nó i staidéar a dhéanamh ar ghnó a athar, toisc go raibh an méid sin taitnimh á bhaint aige as an saol. Lá amháin dhiúltaigh sé déirc a thabhairt d'fhear bocht. Nuair a chas an fear ar a sháil le himeacht, thuig Proinsias go raibh éagóir déanta aige air agus rith sé ina dhiaidh le hairgead a bhronnadh air. Nuair a buaileadh tinn faoi dhó é, thuig sé go raibh a chuid ama á chur amú aige. Ba cheart go mbeadh sé ag obair i seirbhís Íosa agus níos mó ama á chaitheamh ag urnaí aige, agus gach íobairt á dhéanamh aige, ionas go ndéanfaí a spiorad a láidriú. Is minic a roinn sé a chuid airgid is a chuid éadaigh leis na bochtáin. Rinne sé freastal ar na heasláin in ospidéil. Mheas sé go raibh gá níos mó a dhéanamh áfach. Rinne sé troscadh agus ghléas é féin i ngiobail mar chomhartha umhlaíochta. Cén tuairim a bhí ag a chairde rachmasacha faoi ag an uair úd? Bhí fearg chomh mór ar a athair gur thug sé léasadh dó agus chaith amach as an teach é ag an deireadh. Bhí sé gan fothain. Ní raibh bia ar bith aige seachas an méid ar bhronn daoine cineálta air. Lean sé dea-shampla Íosa trí shaol simplí a chaitheamh agus trí Shoiscéal Dé a mhúineadh le lúcháir mhór. Bhí ar chumas Naomh Proinsias míorúiltí a dhéanamh. Bhí cion aige ar an uile chréatúr, agus lean na héin is na hainmhithe go sona leis na treoracha a thug sé dóibh. Thug sé comhairle dá bhráithre grá do Dhia bheith acu, meas ar bheith bocht, agus mhol sé dóibh bheith dílis don Soiscéal. 'Rinne mise mo chuid,' a dúirt sé leo. 'Go múine Íosa daoibhse conas bhur gcuid féin a dhéanamh.' Fuair Proinsias bás ar an 3 Deireadh Fómhair 1226.

**Modh Oibre** Cuir an bainne comhdhlúite i mbabhla agus ansin cuir an siúcra reoáin leis. Déan é a bhualadh go maith, agus ansin cuir isteach an cnó cócó triomaithe. Fiú má éiríonn an meascán tiubh agus crua lean leat go dtí go mbíonn gach rud measctha go maith. Roinn an meascán ina dhá chuid agus cuir dhá dhathúchán bia éagsúla leo más maith leat. Cuir an dá chuid i ndiaidh a chéile isteach i stán cearnógach bácála 20cm ionas go mbeidh dhá shraith anuas ar a chéile. Lig dó fuarú thar oíche sa chuisneoir. Gearr i gciúbanna beaga é agus leag ar pháipéar gréiscdhíonach iad le triomú beagáinín.

ACMHAINNÍ SCOILE

IEC 2012

AN CAOGADÚ
COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA
EOCAIRISTEACH

# An Chomhdháil Eocairisteach 2012

Tarlóidh An Caogadú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach (IEC) i mBaile Átha Cliath ón 10–17 Meitheamh 2012. Bíonn comhdháil ann gach ceathrú bliain, agus i rith an ama sin tairgtear imeachtaí liotúirgeacha agus cultúrtha chomh maith le léachtaí agus ceardlanna don phobal creidimh. Déanfar comóradh caoga bliain chomh maith ag an imeacht seo ar insealbhú An Dara Comhairle Vatacánach. Is é téama na Comhdhála Idirnáisiúnta 2012 ná 'An Eocairist, Comhpháirteachas le Críost agus Lena Chéile".

Rinne Martin Barlow ó Phort an Dúnáin, Contae Ard Mhacha, lógó na Comhdhála darb ainm "An Pobal Comhpháirteach" a dhearadh. Bunaíodh coincheap an dearaidh ar an tuairim gur féidir le daoine 'as gach cine agus treibh agus pobal agus teanga' (Apac. 7:9) bailiú le chéile i gcomhpháirteachas mar 'pobal aontaithe' múnlaithe ag an gcreideamh i bpearsa Íosa Críost, uan Dé, agus ag an íobairt a rinne sé ar Chrann na Páise.

**Suíomh Idirlín na Comhdhála**

**http://www.iec2012.ie** is seoladh do shuíomh idirlín na Comhdhála, agus tá réimse breá eolais agus acmhainní anseo ar féidir íoslódáil a dhéanamh orthu.

**Téamamhrán na Comhdhála**

Déan an t-amhrán seo a fhoghlaim mar chuid den ullmhúchán le haghaidh cuairt an chloig agus le haghaidh Comhdháil 2012. Is féidir an ceol agus na focail a fháil ag http://www.iec2012.ie/index.jsp?p=160&n=170&a=0

**Abair Urnaí na Comhdhála in éineacht leis an rang**

A Thiarna Íosa, cuireadh anseo tú ón Athair le go ndéanfá an cine a bhí scaipthe a thabhairt le chéile arís. Tháinig tú inár measc, rinne tú an mhaith agus chneasaigh tú daoine, d'fhógair tú Briathar an tslánaithe agus bhronn tú orainn Arán na beatha síoraí. Bí mar chompánach againn ar aistear oilithreachta seo an tsaoil. Go lasa an Spiorad Naomh an croí ionainn, go ngeala sé an dóchas ionainn, agus go spreaga sé sinn ionas gur féidir linn, in éineacht lenár ndeartháireacha is ár ndeirfiúracha, tusa a aithint sna Scrioptúir agus i mbriseadh an aráin. Go ndéana do Spiorad Naofa claochlú iomlán a chur orainn agus aon chorp amháin a dhéanamh asainn, agus sinn á threorú go humhal aige ar domhan mar fhinnéithe ar d'aiséirí, ar bhealach an chirt is an ghrá. Go mbeidh gach onóir agus glóir agus beannacht á thabhairt tríotsa againn don Athair tríd an Spiorad Naomh agus san Eaglais, i gcomhar le Muire, a bhronn tú mar mháthair orainn ag bun na croise, anois agus riamh.

Áiméan.

# Searmanas Urnaí le hAghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha



**Ullmhú:**

1. Naonúr a ainmniú chun an Soiscéal agus na paidreacha a léamh
2. Naonúr mac léinn a lasfaidh naoi gcoinneal agus a ndéanfaidh urnaí a ofráil ar son an ranga
3. Mac léinn amháin a lasfaidh coinneal ollmhór le cur i lár báire ag tús an tsearmanais, agus a dhéanfaidh an phaidir dheiridh 'Ar Son an Chairdis' a ofráil
4. Caithfidh gach dalta cuimhneamh ar chloch bheag a thabhairt isteach a léireoidh ualach nó ábhar buartha atá orthu

**Searmanas Beannachta is Urnaí**

*Tabhair cuireadh do mhac léinn teacht chun tosaigh agus an choinneal ollmhór a lasadh i lár báire.*

**Treoraí:** Glacaimid an t-am chuige, teacht le chéile anseo. Fágaimid brú an lae go fóill, na tascanna atá le déanamh, an obair atá le cur de mheabhair. Tagaimid isteach san ionad urnaí chun am faoi shíocháin a roinnt lena chéile. Iarraimid beannacht Dé anuas orainn ar scoil agus ar an uile ní a chuirfimid i gcrích lena chéile.

**Léitheoir:** Beannaigh an uile dhuine againn a oibríonn leis an bpobal ionas go gcomhlíonfaimid gach a n-iarrtar orainn.

**Léitheoir:** Beannaigh ár muintir a chuireann ár mianta is ár n-aislingí chun tosaigh.

**Léitheoir:** Beannaigh pobal na scoile seo agus an fuinneamh a spreagann sé ionainn inár saol.

**Treoraí:** Beannaigh na daoine mórthimpeall orainn as an ngrá is an fhlaithiúlacht a léiríonn siad dúinn, cuir do ghrásta agus do shíocháin anuas orthu, le go rachaidh ár bpaidreacha macánta i gcroí iontu. **Áiméan.**

**Léitheoir: An Soiscéal: (Lúcás 15: 2-6)**
Agus bhí na Fairisínigh agus na scríobhaithe ag monabhar:

"Glacann an duine seo peacaigh chuige," deiridís..... Agus labhair sé an parabal seo leo:

"Cén duine agaibh a mbíonn céad caora aige agus go gcaillfidh sé aon cheann amháin acu, nach bhfágann an naoi nóchad eile san fhásach agus dul ina dhiaidh siúd a bhí caillte nó go bhfaigheann í? Agus nuair a fhaigheann, buaileann ar a ghuaillí í go háthasach, agus ar theacht abhaile dó, glaonn sé a chairde agus a chomharsana le chéile, ag rá leo: 'Déanaigí comhghairdeas liom, óir, an chaora a bhí caillte agam, fuair mé í.'

**Sin é Briathar Dé**

**Treoraí:** In aimsir Íosa, ní bhíodh meas madra ar na haoirí. B'ábhar magaidh go minic iad. Déanann Íosa cur síos ar eachtra as an ngnáth. Dá gcaillfeadh duine caora amháin as céad acu, an bhfágfaí an naoi nóchad eile san fhásach le go n-imeoidís ar seachrán, nó le go dtabharfadh mac tíre fogha fúthu? Ní dóigh liom é. Má bhreathnaíonn tú ar an scéal áfach, mar ócáid ina dtaispeánann Dia grá go leor dúinn, tá cuid mhaith eolais le sonrú ann. An grá atá ag Dia don duine a théann ar seachrán, is mór an grá é. Uaireanta fágaimid grá Dé inár ndiaidh, nó déanaimid neamhaird de Dhia inár saol.

Ag an bpointe seo tugtar cuireadh do chách teacht chun tosaigh agus an chloch bheag a léiríonn ualach nó ábhar buartha atá orthu a chur ag bun na croise. Nuair a bhíonn an chloch leagtha síos acu, tugtar cuireadh do dhaoine coinneal a lasadh.

**Léitheoir:** 1. Is urnaí é, coinneal a lasadh, comhartha láithreachta Dé inár measc atá ann. Is siombailí láidre sna Scrioptúir agus i saol na hEaglaise iad.

Arsa Íosa:

'Is mise...solas an tsaoil. An té a leanfaidh mise, ní shiúlfaidh sé sa dorchacht, ach beidh aige solas na beatha.' *Eoin 8:12*

**Léitheoir:** 2. Bronnadh coinneal orainn agus sinn á baisteadh, nuair a thug an sagart cuireadh dúinn glacadh le solas Chríost. Nuair a lasaimid an choinneal, is éard atá á rá againn ná go bhfuil iarracht á dhéanamh againn bheith macánta, agus dílis dúinn féin, don duine eile, agus do Dhia.

**Léitheoir:** 3. Aontaítear na coinnle a lasaimid inniu in éineacht leis na coinnle a lastar in iliomad áiteanna ar fud an domhain. Cuirtear an iliomad solas beag le chéile chun solas niamhrach ollmhór amháin a dhéanamh, solas a léiríonn ár riachtanais chomh maith leis an aire a thugaimid dá chéile mar phobal scoileanna Críostaí.

**Ba Mhaith Liom Bheith Mar**

**Treoraí:** Go mbeidh solas ár gcoinnle mar fhoinse cumhachta agus tacaíochta dúinn.

*Lasann na mic léinn coinneal, duine i ndiaidh a chéile ar son an tslua iomláin agus deir siad:*

**1.** Go ndéanfar solas ar son an dreama atá sa dorchadas díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**2.** Go ndéanfar foinse dóchais ar son an dreama atá gan dóchas díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**3.** Go ndéanfar compánach ar son an dreama atá faoi ualach díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**4.** Go ndéanfar ceann réitigh ar son an dreama atá feargach díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**5.** Go ndéanfar bronntóir neamhleithleach ar son an dreama atá gan maoin díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**6.** Go ndéanfar cara comhbháúil ar son an dreama a dhéanann mairgneach díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**7.** Go ndéanfar cumhdaitheoir ar son an dreama gan cosaint díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**8.** Go ndéanfar droichead ar son an dreama atá scoite amach ón ngrá díom,
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**9.** Ón lá seo amach ba mhaith linn bheith mar chine iomlán daonna, iomlán beo.
**Cách:** A Thiarna éist lenár nguí.

**Machnamh faoin gCoinneal**

Tugann coinneal solas sa dorchadas chugainn.

A Thiarna, bímid uile ar nós coinnle, agus solas againn le tabhairt dá chéile.

Cónaímid sa solas, solas a ghinimid lena chéile chun an dorchacht a dhíbirt uainn.

Ionas gur féidir coinneal a lasadh ó choinneal eile, caithfidh siad bheith in aice lena chéile, gan a bheith scartha óna chéile.
Glacaimid leis an solas ó dhaoine eile trí ghrá neamhleithleach a thabhairt dá chéile, rud a laghdaíonn ar an mbearna eadrainn.

Díreach mar a bhíonn an buaiceas sa choinneal, is mar sin a fhanann Do ghrá taobh istigh dínn, ag feitheamh lena lasadh, ag fanacht le go ndéanfar é a adhaint.

A fhad is a bhímid ag ligean do do ghrá dúinne, agus dár ngrá dá chéile seilbh a ghlacadh ar ár mbeatha, tarlaíonn an adhaint agus dónn lasair do ghrá go láidir ionainn.

Cuimhnímis freisin air go múchtar an lasair sin má dhéanaimid ruathar thar bráid, díreach mar a dhéanfaimis an choinneal a mhúchadh de thoradh an ruathar céanna.

Conas is féidir linn an lasair a choimeád beo má bhímid de shíor ag trasnú a chéile?

Cuireann láidreacht an uile choinneal le hiomlán an tsolais.

Nuair a mhúchtar lasair amháin, laghdaítear ar an solas dá bharr.

A Thiarna, bronn orainn an chrógacht le go bhféadfaimis níos mó ama a thabhairt dá chéile, an cion tairbhe a dhéanann an uile dhuine a aithint, gan ghéilleadh d'fhonn bheith ag trasnú a chéile go mear, ionas nach mbeidh deis ag an dorchadas an solas a shárú. Is de bharr na heaspa solais amháin, a tharlaíonn an dorchadas.

**An Bheannacht Dheiridh: Ar Son an Chairdis** Go mbeannófar tú agus cairde dílse bheith agat,

Agus tú bheith mar chara dílis agat féin,

Ionad i d'anam a aimsiú ina mbíonn grá,

Ina mbíonn beocht mhothaithe.

Go gcuire sé seo claochlú ort,

Go gcuire sé athrú gné ar aon ní diúltach ionat,

Ar aon rian den chroí fuar istigh ionat.

Go gcaithe tú an saol go díocasach,

Saol cineálta, saol an mhuintearais.

Bíodh meas agat ar do chairde.

Roinn i gceart leo, cabhraigh leo.

Glac le gach dúshlán,

Bíodh an solas is an fhírinne go smior ionat

Ná bí riamh ar an imeall

Ach i gcónaí ar bhaclainn do Chara Anama.

*John O'Donohue*

# Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus Don Fhoireann

Is féidir machnamh gearr do bhaill fhoirne agus do bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí a bhunú ar an méid atá thíos, i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012.

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha beidh deis agaibhse mar fhoireann agus mar bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí machnamh a dhéanamh faoi dhá cheann den cheithre cheist atá thíos, maidir leis na tosca ar leith a bhaineann libh. Moltar go mbeadh am á chaitheamh agaibh ag machnamh ar na ceisteanna seo ag cruinniú foirne nó cruinniú den Bhord Bainistíochta.

Is é téama na bliana seo ná '**Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol**'. Sna seascaidí, d'fhógair an Dara Comhairle Vatacánach, Críost an solas do na ciníocha uile, bheith beo i láthair ina eaglais. Rinne sé athdhearbhú air, go raibh misean roimh an Eaglais a pobal féin a threorú i dtreo Dé, na buarthaí saoil a bhí ag cur as dá muintir a leigheas, dínit an duine daonna a ráthú, agus fianaise mar phobal aontaithe faoi chuing an ghrá a thabhairt ar domhan. Ag glacadh leis nach féidir solas Chríost a aithint ach amháin i ngníomhartha na gCríostaithe, d'iarr an Chomhairle ar bhaill na hEaglaise féachaint chuige go lonródh an solas go geal trína gcuid briathra is a gcuid gníomhartha, agus baill eile an phobail a mhealladh chun Dé le go mbeidís mar chorp beo Chríost, ag dul i mbun ghnímh sa saol. Agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á cheiliúradh againn beidh deis againn machnamh a dhéanamh faoinár gcomhluadar scoile féin bheith mar chorp beo Chríost i measc an phobail.

Mar áis duit sa mhachnamh seo, léigh an sliocht seo leanas ón leabhar *The Religious Dimension of Education in a Catholic School*, 1988.

Is é an caighdeán den teagasc creidimh agus an bealach ina ndéantar é a chomhtháthú in oideachas ginearálta na mac léinn, an tréith shainiúil den scoil Chaitliceach agus an phríomhchúis le go mbíonn sé ann ar chor ar bith, agus an fáth lena ndéanfadh tuismitheoirí Caitliceacha an scoil a roghnú dá bpáistí...Uaireanta bíonn éiginnteacht ann, nó easpa muinine, nó malairt tuairim ann faoi na bunphrionsabail a bhaineann le múnlú creidimh sa scoil Chaitliceach, agus amhras dá bhrí sin ar an mbonn nithiúil a ghlactar i leith an teagaisc creidimh. Ar thaobh amháin de, is institiúid stáit é an scoil Chaitliceach, agus bíonn na haidhmeanna is na bealaí oibre, is na saintréithe céanna le sonrú ann is a bhíonn in aon scoil eile. Ar an taobh eile de áfach, is 'pobal Críostaí' é, agus tá na spriocanna oideachais ann fréamhaithe i gCríost agus ina Shoiscéal. Níl sé éasca an dá thaobh éagsúil den scéal seo a thabhairt chun réitigh. Bíonn síorghá le bheith aireach faoi nach mbíonn coimhlint ar bith idir an gá atá ann an cultúr a sheachadadh, agus an gá atá ann faisnéis a thabhairt ar an Soiscéal, ionas nach ndéanfar dochar do cheachtar acu. (l. 66-7)

**Ceisteanna le Plé:**

1. Cén tuairim atá againne, baill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus foireann na scoile faoin chion oibre is tábhachtaí a bheadh roimh an Oideachas Caitliceach?

2. Luaigh trí fháth le go roghnaíonn tuismitheoirí an scoil seo thar aon scoil eile. An bhfuil baint ag éiteas reiligiúnach na scoile agus ag an teagasc creidimh leis an rogha?

3. Conas a dhéanaimid mar Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí, tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus do na mic léinn le gur féidir leo dul i ngleic le ceist seo an chreidimh agus an chultúir in Éirinn na linne seo, ionas nach ndéanfar dochar do cheachtar acu?

4. Conas a spreagaimid na mic léinn fianacht a thabhairt ar an gcreideamh agus chun luachanna cearta daonna a shaothrú mar is cóir, ar bhealach a réitíonn leis an misean sainiúil atá againn freastal ar an chine dhaonna ina iomláine? An bhfuil ról ann don scoil seo againne athrú crutha a chur i bhfeidhm ar an saol?

## Urnaí na Foirne:

*A Íosa ár dTiarna is ár nOide. Mhúin tú le húdarás is le comhbhá sinn. Rinne tú idirghabháil i saol an oiread sin daoine a bhí ag lorg tuisceana, ag lorg an leighis, agus an rud ba mhó a bhí uathu ná cluas le héisteacht leo. Cabhraigh linne bheith mar dhaoine údarásacha comhbhácha i bpobal na scoile seo.*

*Go mbeidh tionchar grámhar grástúil againn ar shaol agus ar spioraid na ndaoine atá faoinár gcúram againn.*

*Go lorgaímid an fhoirfeacht inár ndaltaí agus go mbeimid i gcónaí ag súil leis an ní fiúntach a aimsiú ionainne ar fad.*

*Go mbeidh croíthe oscailte againn i gcónaí le do ghuth féin is do ghrá féin a bhrath, agus go mbeimid, dála gach uile dhuine a thugann scolaíocht chóir, mar lóchrainn ghealа a lonraíonn ar phobail na scoileanna le dóchas croí.*

**Áiméan**

## Urnaí Bhaill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí:

*A Thiarna Íosa Críost, bailímid le chéile anseo ag saothrú i d'ainm ar mhaithe le leas na scoile.*

*Tuigimid go bhfuil tú inár measc agus sinn ag déanamh machnaimh faoi na ceisteanna atá romhainn ag an gcruinniú seo.*

*Treoraigh sinn i ngach a déanaimid, agus bronn orainn an tuiscint, an eagna, an mhuinín, an grásta a thagann ón Spiorad Naomh chun cinntí cearta a dhéanamh.*

*Go mbeidh toradh fiúntach ar an saothar a dhéanaimid inniu, a chinnteoidh go leanfaidh an scoil seo mar phobal oscailte, cóir, comhbhách síochánta.*

*Go mbeidh áit lárnach agat féin i ngach a ndéanaimid. Guímid ár bpaidir trí Chríost ár dTiarna.*

**Áiméan**

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Gary Abrahamian; Lloyd Bracken; Jim Cassin; Martin Delaney; Colette Dower; Brenda Drumm; Michael Drumm; Paul Farren; Eileen Flynn; Fiona Gallagher; Maighréad Ní Ghallchobhair; Seán Goan; Maura Hyland; Martin Long; Maeve Mahon; Bernie Martin; Michael Redmond; Maria Spring; Orla Walsh; Eithne Woulfe

## Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

Acmhainní don Phobal Iar-Bhunscoile: An Paróiste & An Scoil

29 Eanáir–4 Feabhra 2012

Léaráidí le hElizabeth Wang© - www.radiantlight.org.uk